

An Chomhairle  
Mhúinteoireachta



The Teaching Council



**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL**  
2007/2008

# CLÁR

	<b>BROLLACH</b> .....	<b>4</b>
	<b>TUAIRISC AN STIÚRTHÓRA</b> .....	<b>6</b>
<b>1</b>	<b>AN MHÚINTEOIREACHT A CHUR CHUN CINN MAR GHAIRM</b> .....	<b>9</b>
<b>2</b>	<b>CAIGHDEÁIN AGUS CUMAIS MHÚINTEOIREACHTA A CHOThABHÁIL AGUS A FHORBAIRT MAR AON LE CÁILÍOCHT AN TEAGAISC AGUS NA FOGHLAMA SA STÁT</b> .....	<b>11</b>
<b>3</b>	<b>GAIRM NA MÚINTEOIREACHTA A RIALÚ</b> .....	<b>15</b>
<b>4</b>	<b>EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL A FHORBAIRT AGUS A CHOThABHÁIL CHUN TACÚ LE hOBAIR NA COMHAIRLE</b> .....	<b>20</b>
<b>5</b>	<b>AGUISÍNÍ</b> .....	<b>26</b>
	Aguisín 1 Baili na Comhairle .....	<b>26</b>
	Aguisín 2 Coistí, Grúpaí Oibre agus Painéil na Comhairle .....	<b>28</b>
	Aguisín 3 Struchtúr Bainistíochta na Comhairle .....	<b>34</b>
	Aguisín 4 Ráiteas Airgeadais Iniúchta .....	<b>35</b>

## BROLLACH



Joan Ward, Cathaoirleach

Is cúis áthais dom an dara tuairisc bhliantúil de chuid na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dár críoch 28 Márta 2008 a chur i láthair. Tréimhse athraithe agus forbartha a bhí ann don Chomhairle sa tréimhse ar a ndéantar cur síos agus feidhmíonn an tuairisc bhliantúil seo mar thaifead ar an dul chun cinn a rinneadh le linn an ama sin.

Le linn na bliana d’ullmhaigh an Chomhairle don aistriú ó chomhlacht a bhí rialtasmhaoinithe chuig comhlacht féinmhaoinithe, aistriú a cuireadh i bhfeidhm ag deireadh na bliana lena mbaineann an tuairisc seo, trí thús a chur le táille athnuachana bhliantúil do mhúinteoirí cláraithe. Mór-éacht a bhí ann do ghairm na múinteoireachta Clár Múinteoirí a bhunú, agus is mó fós an éacht a bhain le táille athnuachana a thabhairt isteach toisc go dtugann sé seo buntaca do ról na Comhairle mar chomhlacht uathrialach féinmhaoinithe, gairmiúil. Cuireadh clár cuimsitheach cumarsáide i bhfeidhm roimh an spriocdháta, agus is deas liom a chur in iúl go raibh, i mí na Nollag 2008, breis agus 64,000 múinteoir ar Chlár na Múinteoirí.

Is príomhghné d’fhís na Comhairle é feidhmiú “mar

chaomhnóir ar chaighdeán an oideachais ionas go mbainfear barrchleachtas amach ag gach pointe de chontanam oiliúna an mhúinteora” (*Fás agus Forbairt, Plean Straitéiseach, 2008-2011*). Le linn na bliana seo thug an Chomhairle faoi na chéad chéimeanna de thuras a leanfaidh ar feadh dhá bhliain ina ndéanfar polasaípháipéar a fhorbairt ar leanúnachas in oiliúint mhúinteoirí agus ar straitéis don athbhreithniú agus don chreidiúnú ar chlár d’oiliúint réamhsheirbhíse mhúinteoirí. Mar chuid den phróiseas, chuir an Chomhairle tús le próiseas leathan comhairliúcháin a bheidh mar threoir dá cuid oibre sa ghnó seo. Rinneadh coimisiúnú freisin ar thaighde ar oideachas múinteoirí, mar atá, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Agus sinn ag breathnú romhainn, is mó dúshlán a bheidh le sárú ag an gComhairle. Beidh deireadh le mo thréimhse mar Chathaoirleach agus le téarma oifige na Comhairle reatha i mí Márta 2009, agus is é an dúshlán atá romhainn faoi láthair ná toghcháin a reáchtáil do bhallraíocht na múinteoirí ar an gComhairle nua. Ceapadh Stiúrthóir na Comhairle, Áine Lawlor, mar Cheann Comhairimh do na toghcháin sin agus is eol dom go bhfuil neart oibre déanta aici cheana féin chun ullmhú do phróiseas a bheidh, ó thaobh na

*Is príomhghné d’fhís na Comhairle feidhmiú “mar chaomhnóir ar chaighdeán an oideachais ionas go mbainfear barrchleachtas amach ag gach pointe de chontanam oideachais an mhúinteora”.*

lóistíochta, an-dúshlánach.

Tá Clár na Múinteoirí bunaithe againn agus ní mór aird a dhíriú anois ó bhunú go cothabháil an chláir. Tá a lán le déanamh maidir leis an ngnó sin. Athrú i gcultúr na gairme a bheidh i gceist leis an gclárú éigeantach dóibh siúd ar mian leo a bheith fostaithe i scoileanna Stáit agus íocaíocht acu ó chistí an Stáit, agus is rud nua do mhúinteoirí é an riachtanas táille clárúcháin a íoc. Beidh sé mar dhúshlán leanúnach don Chomhairle na buntáistí a bhaineann leis an gclárúchán a chur in iúl agus rannpháirtíocht ghníomhach na múinteoirí cláraithe in obair na Comhairle a mhealladh agus a éascú.

Dúshlán ar leith eile a bheidh le sárú sna míonna atá le teacht, agus atá bainteach leis seo, ná forbairt an Chláir mar fhoinse eolais, mar aon le foilseachán staitistiúil sonraí mar eolas don Chomhairle agus í i mbun polasai a dhearadh agus mar chuidiú dá ról agus í ag cur comhairle ar an Aire, go háirithe faoi sholáthar múinteoirí.

Mórdúshlán ar leith a bheidh ann don Chomhairle ná a ról i leith oiriúntacht don teagasc a chur i bhfeidhm. Tuigim go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le hAilt 24 agus 28 den Acht Oideachais, 1998, ach is mór-ábhar

imní don Chomhairle nach bhfuil na feidhmeanna a bhaineann le hoiriúntacht don teagasc curtha i bhfeidhm go fóill ag an Aire. Is cúis díomá dom freisin nach bhfuil, faoi mhí na Samhna 2008, Alt 30 den Acht a bhaineann leis an gclárúchán éigeantach, tagtha i bhfeidhm.

Ba dheacair críoch a chur leis an mbrollach seo gan mo bhuíochas a chur in iúl do mo chomhghleacaithe ar Bhallraíocht na Comhairle agus, go háirithe, do Leas-Chathaoirleach na Comhairle, Tommy Glynn, as an tacaíocht agus as an gcomrádaíocht a léirigh siad le linn na bliana. Tá mórbuíochas ag dul freisin do Stiúrthóir na Comhairle, Áine Lawlor agus d'fhoireann na Comhairle i ngeall ar an dúthracht agus an ghairmiúlacht a bhíonn á gcleachtadh acu i gcónaí.

Bíonn an Chomhairle i dteagmháil, i ngach gné dá cuid oibre, leis na príomhpháirtithe leasmhara agus is breá an t-ardleibhéal tacaíochta atá léirithe ag páirtneirí uile an oideachais. Creidim go gcuirfear leis an muinín atá léirithe ag gach páirtí leasmhar sa Chomhairle le foilsiú na tuairisce seo, agus molaim go láidir í.

*Joan Ward*

**Joan Ward**  
Cathaoirleach

*Beidh sé mar dhúshlán leanúnach don Chomhairle na buntáistí a bhaineann leis an gclárúchán a chur in iúl agus rannpháirtíocht ghníomhach na múinteoirí cláraithe in obair na Comhairle a mhealladh agus a éascú.*

## TUAIRISC AN STIÚRTHÓRA



Áine Lawlor, Stiúrthóir

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí Márta 2006 chun an mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn ag leibhéil na bunscoile agus na hiar-bhunscoile (an breisoideachas san áireamh), chun forbairt ghairmiúil mhúinteoirí a chothú agus chun na caighdeáin sa ghairm a rialú.

Is í seo fis na Comhairle Múinteoireachta, mar atá leagtha amach aici sa chéad Phlean Straitéiseach, *Fás agus Forbairt, 2008-2011*:

“Beidh an Chomhairle Mhúinteoireachta lárnach sa teagasc agus sa bhfoghlaim, agus í ag cothú, ag tacú agus ag rialú gairm na múinteoireachta. Beidh sí ag freastal ar bharrmhaitheas an oideachais, i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara eile, trí fheidhmiú don ghairm mar ghuth údarásach, a bhfuil meas uirthi, agus mar chaomhnóir ar chaighdeáin an oideachais, ionas go mbainfear barrchleachtas amach ag gach pointe de chontanam oideachais an mhúinteora.”

Is é misean na Comhairle ná “na caighdeáin is airde i dteagasc, i bhfoghlaim agus in iompar gairmiúil a chur chun cinn agus a chothabháil in ár scoileanna”. (*Fás agus Forbairt, 2008-2011*).

Tugtar cur síos i *bhFás agus Forbairt* ar an gceithre phríomhchuspóir straitéiseacha atá ag an gComhairle agus déanann an tuairisc bhliantúil seo an doiciméad sin a úsáid mar threoir, leis an dul chun cinn léirithe faoi na ceithre theideal seo a leanas:

1. An mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn.
2. Caighdeáin agus cumais mhúinteoireachta a chothabháil agus a fhorbairt mar aon le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Stát.
3. Gairm na múinteoireachta a rialú.
4. Eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le hobair na Comhairle.

Le linn na bliana ar a bhfuil tuairisc á léiriú bhí clár cuimsitheach oibre idir lámha ag an gComhairle agus tugann an réamhrá seo túsleiriú ar an dul chun cinn atá déanta.

I mí Bealtaine 2007, mar atá leagtha amach sa Pholasáí Taighde, sheol an Chomhairle scéim sparántachtaí dóibh siúd a bhí i mbun taighde cleachtóir-bhunaithe. Bhí sé mar chuspóir ag na sparántachtaí seo cuidiú le múinteoirí a bhí i mbun a leithéid de thaighde trí fhreastal ar roinnt

*Is é misean na Comhairle ná “na caighdeáin is airde i dteagasc, i bhfoghlaim agus in iompar gairmiúil a chur chun cinn agus a chothabháil in ár scoileanna”.*

de na costais. I mí na Nollag 2007 bhronn an Chomhairle deich sprántacht le luach iomlán breis agus €42,000, agus seoladh an dara scéim sparántachtaí don taighde sa tréimhse don bhliain acadúil 2008/2009. Ciste €100,000 a bhí ar fáil don dara scéim.

I mí Dheireadh Fómhair 2007, rinne an Chomhairle an chéad Chomhdháil Náisiúnta a óstáil. Ba é téama na Comhdhála ná “An Mhúinteoireacht i Sochaí Athraitheach – Ag Fáiltiú don Dushlán”. Trí théama seo na comhdhála cuireadh deis ar fáil don Chomhairle chun aitheantas poiblí a thabhairt don tiomantas agus don ghairmiúlacht a léiríonn múinteoirí agus iad ag dul i ngleic leis na dúshlán éagsúla a bhíonn rompu.

I mí na Samhna 2007, thosaigh an Chomhairle ar pholasaípháipéar a ullmhú a thabharfaidh léiriú ar a fíis do chontanam oideachais múinteoirí ón oideachas réamhsheirbhíse, chuig ionduchtú agus uaidh sin go dtí an fhorbairt leanúnach ghairmiúil. Mar chuid den phróiseas sin, rinne an Chomhairle taighde a choimisiúnú chun eolas a sholáthar dá breithniúchán agus cuireadh tús leis an gcéad cheann de cheithre thréimhse comhairliúchán. Nuair a bheifear ar aon intinn faoi seo beidh an polasaípháipéar mar threoir a threoróidh an

Chomhairle nuair a bhíonn na cuspóirí sa réimse seo á gcur i bhfeidhm aici.

Bhí Clár na Múinteoirí mar phríomhfhócas oibre ag an gComhairle le linn na bliana agus tá an-dul chun cinn déanta sa réimse seo:

- Rinne an Chomhairle athdhréachtadh breise ar Dhréacht Rialacha Clárúcháin agus cuireadh iad seo chuig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta dá bhfaomhadh.
- Roimh spriocdháta 28 Márta 2008 cuireadh mórfheachtas athnuachana i bhfeidhm. Bhí sé mar phríomhchuspóir ag an bhfeachtas múinteoirí a choimeád ar an eolas faoi ról na Comhairle agus, go háirithe, an tábhacht a bhain leis an gclárúchán a athuachan.
- Mar chuid de shainphróiseas clárúcháin chun tacú le clárúchán na gcéimithe nua rinne an Chomhairle cur i láthair d’ábhair oidí i 19 coláiste agus ollscoil.
- Fuair an Chomhairle faomhadh ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir le haitheantas a thabhairt don táille clárúcháin mar chostas aitheanta ioncaim.

Faoi Nollaig 2008, tá breis agus 64,000 múinteoir ar Chlár na Múinteoirí.

Le linn na bliana thosaigh an Chomhairle ar phróiseas chun Comhairle nua a cheapadh i mí Márta 2009. Dob é príomhghné an ullmhúcháin sin rialacha toghcháin a dhréachtadh.

I rith na bliana, rinne an Chomhairle caidrimh oibre a fhorbairt le raon eagraíochtaí agus le daoine aonair ar mhaithe lena cuid oibre a chur chun cinn agus táimid go mór faoi chomaoin ag Comhairlí Múinteoireachta i dtíortha sa gharchomharsanacht agus ag eagraíochtaí gairmiúla eile in Éirinn, ar nós Comhairle na nDochtúirí Leighis, An Bord Altranais agus Innealtóirí Éireann dá dtacaíocht agus dá gcúnamh.

Tuigeann an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le bealaí cumarsáide a fhorbairt le páirtneirí uile an oideachais agus gach lá tagann, ar an meán, 3,000 glaonna gutháin agus 650 ríomhphost chuig an gComhairle. I gcaitheamh na bliana rinneadh uasghrádú ar an gcóras freagartha gutháin chun éascaíocht a dhéanamh ar an gcóras dóibh siúd a bhí ag iarraidh a gcuid ceisteanna a chur trí mheán na Gaeilge.

Cé nach bhfuil an Chomhairle fós faoi réir ag Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, bíonn sí tiomanta


d'úsáid na Gaeilge chomh minic agus is féidir agus, i mí Feabhra 2008, bronnadh Teastas Gradaim don "Suíomh Gaeilge is Fearr" ar an gComhairle mar chuid de Ghradam Gaeilge eRialtas, dá láithreán gréasáin [www.oide.ie](http://www.oide.ie).

Thug Cathaoirleach na Comhairle, Joan Ward, spléachadh chun cinn sa bhrollach ar roinnt de phríomhdhúshláin na Comhairle. Maidir le hacmhainní, is dúshlán leanúnach é córais éifeachtacha agus éifeachtúla a bhunú chun iarratais don chlarúchán a phróiseáil. Bíonn an mhionobair mheasúnaithe a bhaineann le cáilíochtaí iarrthóirí ag tarraingt go tiubh ar acmhainní teoranta na Comhairle de réir mar a bhíonn méadú ag teacht ar líon agus ar chastacht na n-iarratas. Le linn na bliana ar a bhfuiltear ag tuairisciú cuireadh suas le 1,550 iarratas a raibh gá acu le dianscrúdú cáilíochtaí faoi bhráid na Comhairle. Bíonn an déine lena ndéantar gach iarratas a mheas

ag teacht le ról na Comhairle mar chaomhnóir ar chaighdeán na gairme agus beidh an Chomhairle ag tnúth le foilsiú Rialachán Clárúcháin nuair a bheidh próiseas ceadaithe an Aire tagtha chun críche.

Baineann sé le nádúr túsfhocail mar seo nach mbíonn léargas le fáil ach ar na mórimeachtaí a bhíonn bainte amach le linn na bliana, ach tá léargas níos iomláine le fáil i bpríomhranna na tuairisce ar obair na Comhairle. Baineann an dul chun cinn atá déanta den chuid is mó le tiomantas, agus le fíis bhall na Comhairle agus is mian liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl dóibh, agus freisin d'fhoireann na Comhairle, as ucht na tacaíochta atá tugtha acu dom le linn na bliana. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin don fhoireann i ngeall ar a ngairmiúlacht agus a ndúthracht le linn bliana a bhí fíor-ghnóthach.

Is mian liom an deis seo a thapú freisin chun buíochas a ghabháil le múinteoirí ar chas mé leo agus mé i mbun oibre i mbliana, i ngeall ar an rannpháirtíocht agus as an tacaíocht a léirigh siad. Beidh mé ag tnúth le bheith ag obair leo sna míonna atá le teacht agus an Chomhairle ag fairsingiú agus ag bláthú.



**Áine Lawlor**  
Stiúrthóir



## 1

AN MHÚINTEOIREACHT A  
CHUR CHUN CINN MAR GHAIRM

Tá sé mar cheann de phríomhfheidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta an mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm de réir mar atá dlite in Alt 7(2)(a) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Bíonn an cuspóir seo mar bhunchloch ag obair na Comhairle agus bhí roinnt imeachtaí sa bhliain ar a bhfuil tuairisciú á dhéanamh a raibh baint dhíreach acu leis an ngnó seo a chur i bhfeidhm.

### 1.1 AN CHOMHDHÁIL NÁISIÚNTA

Rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta a céad Comhdháil Náisiúnta a reáchtáil i nGaillimh ar 18 agus 19 Deireadh Fómhair 2007. Ba é téama na comhdhála ná “An Mhúinteoireacht i Sochaí Athraitheach – Ag Fáiltiú don Dúshlán”. Leis an téama sin thug an chomhdháil deis don Chomhairle aitheantas a thabhairt go poiblí don tiomantas agus don ghairmiúlacht a léiríonn múinteoirí agus iad ag plé leis na dúshláin a bhíonn rompu.

Bhí cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar chlár na comhdhála ar a n-áirítear Seansailéir Ollscoil

Náisiúnta na hÉireann, an Dochtúir Garret FitzGerald, an tOllamh Tom Collins ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Maigh Nuad, an tOllamh Michael Totterdell ó Ollscoil Plymouth, an Dochtúir Aidan Seery ó Choláiste na Tríonóide agus Ms. Olubunmi Salako, Cúntóir Riachtanas Speisialta ar ón Nigéir ó dhúchas di. Um thrathnóna ar an dá lá bhí éagsúlacht ón gcur chuige traidisiúnta a bhíonn mar ghnáthnós comhdhála agus bhí fáil ar dhíospóireachtaí beoga faoi chathaoirleacht John Bowman a bhí ar aon dul le clár RTÉ “Questions and Answers”. Eagraíodh ceardlanna ar thopaicí éagsúla ar an dara lá den chomhdháil. Ba é an tOllamh John Coolahan, Ollamh Emeritus, Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad, a bhfuil cáil idirnáisiúnta air a bhí mar rapporteur.

D’fhreastail 300 toscaire ar an gcomhdháil, ina measc bhí múinteoirí agus ionadaithe ó chumainn mhúinteoirí, cumainn thuismitheoirí, eagraíochtaí bainistíochta ó scoileanna, ó



### Comhdháil Náisiúnta 2007

Baill an phainéil ar lá 1 den chomhdháil: (C-D) Pat Burke, Rúnaí Cúnta, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta; an t-Ollamh Tom Collins, Ceann Roinne an Oideachais, Ollscoil Mhaigh Nuad agus Déan ar an Múinteoireacht agus ar an bhFoghlaim, OÉ; an Dochtúir Garret FitzGerald, Seansailéir, OÉ; Joan Ward, Cathaoirleach; Áine Lawlor, Stiúrthóir.



choláistí agus ó ollscoileanna, agus páirtnéirí eile an oideachais mar aon le toscarí ó Chomhdhála Ginearálta Múinteoirí sa Bhreatain Bheag, in Albainn, i Sasana agus i dTuaisceart na hÉireann. Bhí tarraingt ag an gcomhdháil freisin ar bhail ó na meáin agus bhí roinnt de bhail na Comhairle a ghlac páirt in agallaimh faoi imeachtaí na Comhdhála.

Léiríonn anailís na Comhairle ar na foirmeacha aischothaithe a líonadh go raibh dearcadh an-dearfach i leith na comhdhála agus gur mhothaigh na toscarí gur ócáid an-spéisiúil agus ábharthach a bhí inti. Nuair a bhí an chomhdháil thart d'ullmhaigh an Chomhairle leathanach idirlín ar a raibh naisc chuig na nithe a cuireadh i láthair mar aon le grianghraif ón dá lá.

## 1.2 NA CÓID IOMPAIR GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

Baineann na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí le gach múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Ach ní do mhúinteoirí amháin iad áfach agus ba chóir

go mbeidís mar ábhar spéise ag aon duine a bhfuil tuiscint níos doimhne á lorg acu ar ghairm na múinteoireachta in Éirinn faoi láthair. Leagann siad amach na caighdeáin is gá don iompar agus don chleachtas gairmiúil a bhíonn de dhíth ar mhúinteoirí agus deimhníonn siad ionracas agus stádas na gairme. I mí

Bealtaine 2007, rinneadh na Cóid a dháileadh ar gach múinteoir agus ar pháirtnéirí an oideachais.

## 1.3 TAISPEÁNTAIS

Cruthaíonn taispeántais ghairme a bhíonn ag díriú orthu siúd a bhfuil roghanna le déanamh acu maidir lena ngairm, deis luachmhar chun an mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn. Le linn na bliana bhí seastán ag an gComhairle ag ceithre thaispeántas agus ag trí cinn de chomhdhála chumann na múinteoirí. Féach na sonraí breise i bhFigiúr 1.

Fig. 1 - Freastal ag Taispeántais agus Comhdhála

Dáta	Taispeántas
03 Deireadh Fómhair 2007	Lá Eolais faoin Múinteoireacht, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
06 Samhain 2007	Cruthaigh do Ghairm, Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA)
08 Samhain 2007	Expo Oideachais, Ollscoil Chorcaí
14 Samhain 2007	Seimineár Eolais ar Mhúinteoireacht, Ollscoil Luimnigh
20 Feabhra 2008	Margadhíarchéiméire, RDS, Baile Átha Cliath
25 Márta 2008	Comhdháil Bhliantúil CMÉ, Cill Chainnigh
25 Márta 2008	Comhdháil Bhliantúil AMÉ, Loch Garman
26 Márta 2008	Comhdháil Bhliantúil CMMÉ, Cill Áirne

## 1.4 NUACHTLITIR

Chuir an Chomhairle trí eagrán dá nuachtlitir dátheangach, *Oide*, ar fáil le linn na bliana. Foilsíodh an chéad eagrán i mí Bealtaine 2007, an dara ceann i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus an tríú ceann i mí Feabhra 2008. Tá fáil orthu seo uile ar ghréasán idirlín na Comhairle Múinteoireachta. Beidh seans, go fóill, ag léitheoirí an nuachtlitir a fháil mar chóip chrua nó go leictreonach.

## 1.5 DIOSCA DIGITEACH ILÚSÁIDE

Déantar ceiliúradh ar dhiosca digiteach ilúsáide (DDI), *Croí na Múinteoireachta* ar cháilíocht na múinteoireachta in Éirinn agus dearbháitear ról luachmhar múinteoirí maidir le cuidiú le daoine óga a mbarrchumas a bhaint amach agus iad a ullmhú don saol. Déantar cur síos ann freisin ar ról tabhachtach na Comhairle Múinteoireachta i gcur chun cinn agus i bhforbairt na múinteoireachta mar ghairm.

Is uirlís thábhachtach chumarsáide an DDI agus bhain an Chomhairle úsáid as seo do ghníomhaíochtaí cumarsáide eile le linn na bliana, clár imeachtaí agus taispeántais san áireamh.



## 2

CAIGHDEÁIN AGUS CUMAIS  
MHÚINTEOIREACHTA A  
CHOTHABHÁIL AGUS A FHORBAIRT  
MAR AON LE CÁILÍOCHT AN  
TEAGAIS AGUS NA  
FOGLAMA SA STÁT

In Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001 déantar an riachtanas, inter alia, chun “cothú agus forbairt ar cháilíocht na múinteoireachta sa Stát” a rianadh. Déantar cur síos níos iomláine air seo in Alt 7 an Achta ina ndéantar feidhmeanna na Comhairle a rianadh. I ngeall air seo tá barrchleachtas na múinteoireachta mar cheann de na croí-luachanna a threoraíonn obair na Comhairle. Treoraíonn an luach seo an Chomhairle trína réimsí feidhmeanna, ach tá an léiriú is fearr le fáil air seo má breathnaítear air dhá phríomhtheideal:

- Na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí
- Oideachas Múinteoirí.

### 2.1 NA CÓID IOMPAIR GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

Éilíonn an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 ar an gComhairle “cóid iompair ghairmiúil do mhúinteoirí, lena n-áireofar caighdeáin mhúinteoireachta, eolais, oilteachta agus inniúlachta, a bhunú, a fhoilsiú, a athbhreithniú agus a chothabháil”. Rinneadh na Cóid a sheoladh i mí Márta 2007 agus, ó shin i leith, tá sé mar chuspóir ag an gComhairle iad a dháileadh go forleathan mar aon le rannpháirtíocht agus úinéireacht a éileamh ón ngairm. I ngeall ar seo bhí gnéchlár ar na Cóid i nuachtlitir na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus freisin sa Lámhleabhar Clárúcháin a eisíodh i mí

Feabhra 2008. Ag deireadh na bliana lena mbaineann an tuairisc seo bhí sraith cruinnithe eolais faoi na Cóid á bpleanáil do mhúinteoirí chun díriú ar na Cóid. Tionóladh na cruinnithe sin ina dhiaidh sin i mí Bealtaine 2008 sna hIonad Oideachais.

### 2.2 OIDEACHAS MÚINTEOIRÍ

Tá cumhachtaí suntasacha dlite ag an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, ar an gComhairle Mhúinteoireachta maidir le cáilíocht oideachais múinteoirí a dheimhniú.

#### 2.2.1 Ionduchtú agus Promhadh

Is í feidhm na Comhairle i leith an ionduchtaithe ná “nósanna imeachta a bhunú i ndáil le hinsealbhú múinteoirí i ngairm na múinteoireachta”. Is í a feidhm i leith an phromhaidh ná “nósanna imeachta agus critéir a bhunú le haghaidh promhadh múinteoirí, lena n-áirítear tréimhsí promhaidh”.

Tá na codanna ábhartha den Acht le cur i bhfeidhm go fóill trí Ordú an Aire. Sula gcuirtear tús leo, déanann an Stiúrthóir ionadaíocht don Chomhairle ar Choiste Stiúrtha an Tionscnaimh Phiólótach Náisiúnta (NPPTI). I mí Dheireadh Fómhair 2007, chuir Comhairleoir Forbartha Líon Oibre Scoile ó Chomhairle Oileán Wight tuairimíocht faoi thaithe an ionduchtaithe ar

Oileán Wight i láthair Choiste Oideachais na Comhairle.

### 2.2.2 Oideachas Réamhsheirbhíse Múinteoirí

Tá rianadh déanta in Alt 38 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, ar fheidhmeanna na Comhairle i leith athbhreithnithe agus creidiúnú clár oideachais réamhsheirbhíse do mhúinteoirí ina luaitear:

- Athbhreithniú agus creidiúnú a dhéanamh ar na cláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí mar aon leis na cláir oiliúna a chuireann institiúidí ardoideachais sa Stát ar fáil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin oideachais agus oiliúna is cuí do dhuine a bhíonn ag tosú ar chlár oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin eolais, scileanna agus oilteachta is gá do chleachtas na múinteoireachta, mar aon le comhairle a chur ar an Aire agus de réir mar is cuí, ar na hinstitiúidí a bhíonn i gceist.

Tá an tAlt seo den Acht curtha i bhfeidhm agus tá tús curtha ag an gComhairle le straitéis a fhorbairt don athbhreithniú agus don fhorbairt. Féach 2.2.4.

Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisc, tháinig 4 iarratas faoi bhráid na Comhairle ó choláistí agus ó ollscoileanna chun cláir oideachais do mhúinteoirí a aithint.

### 2.2.3 An Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach

- Tá cur síos ar fheidhmeanna na Comhairle i leith forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí in Alt 7(2)(h) agus in Alt 39 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Tá foráil déanta in Alt 7(2)(h) go ndéanfaidh an Chomhairle “comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le ... forbairt ghairmiúil múinteoirí”. In Alt 39 déantar foráil i leith:

- Oideachas agus oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn
- Taighde a sheoladh ar oideachas agus oiliúint leanúnach agus ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí
- Feasacht a chur chun cinn i ngairm na múinteoireachta agus i measc an phobail ar na tairbhí a ghabhann le hoideachas agus oiliúint leanúnach agus le forbairt ghairmiúil
- Cláir a bhaineann le hoideachas agus oiliúint leanúnach do mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú
- Cibé feidhmeanna eile i ndáil le hoideachas agus oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil múinteoirí a shannfaidh an tAire don Chomhairle a chomhlíonadh.

Cé nach bhfuil tús curtha ag an Aire Oideachais agus Eolais go fóill leis is léir, ó na feidhmeanna trí chéile, tiomantas na Comhairle d’fhorbairt leanúnach ghairmiúil múinteoirí. Tá suntas ar leith ag baint le sparántachta taighde agus comhdháil náisiúnta na Comhairle.

### Sparántachtaí Taighde

In mí Bealtaine 2007, de réir mar atá i bPolasaí Taighde na Comhairle, fógraíodh scéim sparántachtaí do mhúinteoirí a bhí ag tabhairt faoi thaighde cleachtas-bhunaithe. Tá sé mar bhunús leis na sparántachtaí cuidiú le múinteoirí a mbíonn i mbun a leithéid de thaighde trí roinnt de na costais a bhíonn acu a mhaoiniú. Ba é 20 Meitheamh 2007 spriocdháta na n-iarratas, agus ba chúis áthais don Chomhairle líon agus éagsúlacht na n-iarratas a cuireadh faoina bráid. Tháinig painéal a cheap an Chomhairle le chéile i rith an tsamhraidh chun breithmheas a dhéanamh ar na hiarratais agus i mí na Nollag 2007 bhronn an Chomhairle deich sparántacht

## Gradaim Sparántachta Taighde 2007

Sa phictiúr tá roinnt dóibh siúd ar bronnadh sparántachtaí orthu i 2007



Áine Lawlor (Stiúrthóir), Fintan McCutcheon agus Joan Ward (Cathaoirleach).



Áine Lawlor (Stiúrthóir), Monica Fanning agus Joan Ward (Cathaoirleach).



Maria Hannon agus Joan Ward (Cathaoirleach).

taighde a raibh luach breis agus €42,000 ag baint leo. Bronnadh na sparántachtaí taighde ar mhúinteoirí a bhí i mbun taighde ar raon éagsúl ábhar. Tá eolas breise faoi seo le fáil i bhFigiúr 2.

### Fig. 2- Sampla de na Réimsí Taighde a bhíonn mar chuid de Scéim Sparántachta na Comhairle

- cinnireacht curaclam-bhunaithe ag príomhoidí bun scoile
- idirbheartaíocht éifeachtach chun tacú le daltaí ag an mbunleibhéal a bhfuil Neamhord Sóisialta agus Mothúchánach Iompraíochta (SEBD) acu
- modhanna éifeachtacha chun pleananna aonair oideachais a fhorbairt a chuideoidh le scileanna litearthachta an Bhéarla
- teagasc foirne a fhorbairt mar chur chuige don fhorbairt ghairmiúil
- freastal ar riachtanais mhic léinn le ADHD trí mhionathruithe a dhéanamh ar thimpeallacht na foghlama agus ar straitéisí múinteoireachta

Léiríonn na gradaim seo tiomantas na Comhairle Múinteoireachta d'oideachas agus d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí. Tá muinín ag an gComhairle go mbeidh sé mar chumas ag an taighde atá idir lámha cur le caighdeán an teagaisc agus na foghlama in Éirinn.

Ag eascairt ó chéad scéim na Comhairle seoladh an dara scéim sparántachtaí taighde i mí na Nollag 2007. Bhí gach múinteoir cláraithe i dteideal cur isteach ar an scéim, agus bhí €75,000 mar chiste iomlán na scéime. Méadú €25,000 ar an gcéad scéim atá anseo. Mar aon leis sin, cuireadh €25,000 breise ar fáil do dhaoine eile seachas múinteoirí cláraithe a bhfuil taighde á dhéanamh acu ar réimsí an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe Ba é spriocdháta na n-iarraitas sparántachta seo ná 07 Aibreán 2008.

Tá eolas breise faoi sparántachtaí taighde na Comhairle le fáil ar leathanach Taighde na Comhairle ar an láithreán gréasáin [www.oide.ie](http://www.oide.ie).

### **Comhdháil Náisiúnta**

Rinne an Chomhairle an chéad Chomhdháil Náisiúnta a reáchtáil i mí Dheireadh Fómhair 2007 (féach na sonraí breise ar leathanach 9). Mar chomhartha aitheantais ar thábhacht na comhdhála sa bhforbairt leanúnach ghairmiúil, rinneadh roinnt áiteanna a chur in áirithe do mhúinteoirí agus chlúdaigh an Chomhairle costais na Comhdhála do na múinteoirí sin. D'éirigh leis an gComhairle freisin faomhadh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a fháil d'ionadaíocht do na múinteoirí a bhí ag freastal ar an gcomhdháil agus cuireadh litir chuig na heagrais bhainistíochta uile ag lorg a gcomhoibriú maidir le héascú a dhéanamh ar mhúinteoirí a raibh spéis acu freastal ar an ócáid.

#### **2.2.4 Contanam Oideachais Mhúinteora**

Le linn na bliana thosaigh an Chomhairle ar phróiseas chun polasaípháipéar a ullmhú a chruthóidh fíis do leanúnachas oideachas múinteoirí ón oideachas réamhsheirbhíse chuig ionduchtú agus uaidh sin chuig forbairt ghairmiúil leanúnach. Nuair a bheifear ar aon fhocal faoi seo beidh an polasaípháipéar mar threoir léarscáil a threoróidh an Chomhairle nuair a bheidh na cuspóirí sa réimse seo á gcur i bhfeidhm aici.

Ar mhaithe le heolas a sholáthar don phlé oscailte, rinne an Chomhairle staidpháipéar

a choimisiúnú i mí na Nollag 2007 chun na moltaí ar na príomhthuaiscí ar oideachas múinteoirí in Éirinn a thabhairt le chéile. Rinne an Chomhairle freisin foireann taighdeoirí a choimisiúnú chun na léirshamhlacha ar oideachas múinteoirí atá ag feidhmiú i naoi dtír, Éire san áireamh, a iniúchadh. Cuireadh tuairisc eatramhach na dtaighdeoirí faoi bhráid na Comhairle i mí Aibreáin 2008.

Taobh le taobh leis an bpolasaípháipéar ar an leanúnachas in oideachas múinteoirí a fhorbairt thosaigh an Chomhairle, ag tús na bliana lena mbaineann an tuairisc, ar a straitéis athbhreithnithe do chlár réamhoiliúna múinteoirí a fhorbairt. Déanfar an polasaípháipéar agus an straitéis athbhreithnithe a dhréachtadh agus a chríochnú tar éis dul i gcomhairle le múinteoirí, le hoiliúnóirí múinteoirí agus le páirtneirí uile an oideachais. Mar chéad chéim tugadh cuireadh d'ionadaithe ó pháirtneirí uile an oideachais freastal ar cheann de thrí fhóram comhairleach a tionóladh i Maigh Nuad i Feabhra, 2008. Ba mhaith an freastal a bhí ar gach ceann de na trí fhóram agus ba shuntasach an t-aischothú a d'éascair uaidh seo. Ag deireadh na bliana ar a bhfuiltear ag tuairisciú bhí dhá thréimhse comhairliúchán eile á bpleanáil.

### **Contanam Oideachais Mhúinteora**

*An tOllamh John Coolahan, Ollamh Emeritus, Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad agus an tOllamh Sheelagh Drudy, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ag freastal ar na fóraim chomhairleacha ar an gcontanam in oideachas múinteoirí.*





## 3

GAIRM NA  
MÚINTEOIREACHTA  
A RIALÚ

Déanann tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 soláthar do chlarúchán agus do rialú múinteoirí agus déantar feidhmeanna na Comhairle sa réimse seo a rianadh. Leanann cur síos ar na príomh nithe atá bainte amach sa réimse seo:

### 3.1 CLÁRÚCHÁN

#### 3.1.1 *Clár Múinteoirí a Bhunú agus a Chothabháil*

Céim mhór chun tosaigh a bhí i mbunú an Chláir don Chomhairle Mhúinteoireachta agus, de réir mar a thagann forbairt, beidh sé mar fhoinsé údarásach don eolas gairmiúil ar an uile mhúinteoir atá cláraithe le teagasc i scoileanna Stát-mhaoinithe na hÉireann. Rinneadh an-dul chun cinn sa réimse seo le linn na bliana agus, ag am an fhoilsithe, (Nollaig 2008) bhí breis agus 64,000 múinteoir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

#### *Cuireadh chun Clárúcháin agus Athnuachana*

Bhí breis agus 23,000 duine ag teagasc i scoileanna aitheanta roimh lá bunaithe na Comhairle nár chláraigh faoi dheireadh mhí Márta 2007 mar a bhí dlite ag Ailt 31(2) agus and 31(3) den Acht. I mí Feabhra 2008, tugadh cuireadh do na múinteoirí seo iarratas a chur isteach ar chlarúchán de réir mar atá foráilte in Alt 31(5) den Acht.

#### *Clárúchán Múinteoirí Nuacháilithe*

Tá socrúithe ar leith curtha i dtreo chun luas a chur le chlarúchán na múinteoirí nuacháilithe. Tugann ionadaí ón gComhairle Mhúinteoireachta cuairt ar mhic léinn sa bhliain dheireanach dá gcúrsa oiliúna mar mhúinteoirí ina gcoláiste nó ollscoil agus cuirtear eolas ar fáil do mhic léinn ar na riachtanais chlarúchán ar a n-áirítear Réamhsheiceáil an Gharda Síochána. Le linn na bliana ar a ndéantar tuairisc tugadh cuairt ar 19 coláiste agus ollscoil mar chuid den phróiseas seo. Tugadh cuireadh do mhic léinn foirmeacha Réamhsheiceála an Gharda Síochána a chomhlánú agus a gcead a thabhairt i scríbhinn go ndéanfaí a dtorthaí a aistriú go dtí an Chomhairle.

As an 2,977 céimí (1,717 i rannóg na bunscoile agus 1,260 sa rannóg iar-bhunscoile) ar aistríodh a sonraí go dtí an Chomhairle bhí 1,812 acu cláraithe roimh 28 Márta 2008.

#### *Meastóireacht ar Cháilíochtaí don Chlarúchán*

Ionas gur féidir a bheith incháilithe don chlarúchán ní mór d'iarratasóirí cáilíochtaí a bheith acu a bhíonn inghlactha ag an gComhairle Mhúinteoireachta. Muna mbíonn uathaitheantas ar fáil do na cáilíochtaí ní mór sonraí na gcáilíochtaí a chur faoi bhráid na Comhairle chun iad a mheas (m.sh. i gcás múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile a cáilíodh lasmuigh den Stát,

nó daoine a bhfuil cáilíochtaí acu nach mbíonn aitheantas ag baint leo don chlárúchán).

Chun bainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas seo bhunaigh an Chomhairle dhá phainéal chun athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí na measúnóirí seachtracha maidir le hoiriúntacht na gcáilíochtaí a bhíonn ag na hiarratasóirí don chlárúchán. Is ó na hollscoileanna, ó Institiúidí Teicneolaíochta, ó mhúinteoirí atá ag múineadh ag an Dara Leibhéal, agus ón tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal (STDL) a thagann na measúnóirí seachtracha do na hábhair iar-bhunoideachais. Tagann na measúnóirí don aitheantas bunoidreachais ó na Coláistí Oideachais. I rith na bliana chríochnaigh painéal na n-iarratas bunoidreachais, mar aon leis na measúnóirí seachtracha, a gcuid oibre agus rinne siad mionsonraí cáilíochtaí agus critéir mheasúnachta a rianadh d'iarratasóirí bunoidreachais. Tá na sonraí faoin líon iarratas a rinneadh ar fáil i bhFigiúr 3.

16

**Fig. 3 - Iarratais don Mheasúnú ar Cháilíochtaí**

Painéal na nIarratas	Líon na gCruinnithe	Líon na nIarratas a tháinig
Bunoidreachas	11	705
Iar-bhunoidreachas	12	842*

*\*san áireamh tá 25 iarratas ó sholáthróirí tríú leibhéal a bhfuil aitheantas ginearálta d'ábhair céime agus do chlár oideachais múinteoirí á éileamh acu. San áireamh freisin tá 181 iarratas don aitheantas do cháilíochtaí sa rannóg Gairmoideachais/Breisoideachais.*

### **Athnuachaint**

Tugadh cuireadh i mí Feabhra 2008 do nach mór 47,000 múinteoir a chur iarratas clárúcháin faoi bhráid na Comhairle faoi dheireadh Márta 2007 a gclárúchán a athnuachan faoi 28 Márta 2008.

### **3.1.2 Táille Clárúcháin**

Ní mór an clárúchán a athnuachan gach bliain agus bíonn táille athnuachana chlárúcháin bliantúil le híoc. I rith na bliana tugadh faomhadh don Chomhairle ón Aire maidir le costas na táille (€90) agus ó na Coimisinéirí loncaim maidir le haitheantas a thabhairt don táille mar chostas cánach. Céim mhór chun tosaigh a bhí ann nuair a cuireadh tús le táille athnuachana chlárúcháin a ghearradh don chéad uair i mí Márta 2008 toisc go dtugann sé buntaca do ról na Comhairle mar chomhlacht uathrialach, féinmhaoinitheach, gairmiúil.

### **3.1.3 Rochtain ar an gClár**

Chuir an Chomhairle críoch le linn na bliana leis an áis rochtana do mhúinteoirí, rud a cheadaíonn do mhúinteoirí cláraithe breathnú ar a sonraí clárúcháin ar líne trí laithreán gréasáin na Comhairle.

### **3.1.4 Rialacháin Clárúcha**

Tá leasuithe breise déanta ag an gComhairle ar na dréacht Rialacháin Clárúcha agus tá siad seo curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta d'fhaomhadh an Aire. Tá próiseas an fhaofa ar siúl i gcónaí. Idir an dá linn, tá an Chomhairle tar éis glacadh leis an status quo maidir le cáilíochtaí a mheas, i.e. leantar cinntí na Roinne faoi mhúinteoirí bunoidreachais agus iar-bhunoidreachais mar threoir, faoi láthair.

### **3.1.5 Alt 30 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001**

Déantar foráil in Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 a chiallaíonn nach féidir ach múinteoirí a bhíonn ar an gClár a bheith fostaithe mar mhúinteoirí agus íocaíocht a dtuarastal acu ó chistí an Oireachtais. Sa bhliain tuairiscithe moladh don Chomhairle go rabhtas ar tí tús a chur le feidhmiú Ailt 30.



### 3.1.6 Feachtas Cumarsáide faoin gClárúchán agus faoin Athnuachan

Cé gur fháiltigh múinteoirí agus an pobal i gcoitinne roimh bhunú na Comhairle, ba mhór na dúshláin a bhí roimh an gComhairle sa bhliain ar a bhfuil tuairisciú á déanamh agus í ag iarraidh a ról a chur i láthair na gairme. Athrú cultúrtha don ghairm a bhí sa chlárúchán éigeantach dóibh siúd ar mian leo a bheith fostaithe i scoileanna Stáit agus íocaíocht acu ó chistí an Oireachtais (féach 3.1.5 thuas). Ar an mbealach céanna is rud nua é do mhúinteoirí táille chothabhála chlárúcháin a íoc chun maoiniú a dhéanamh ar obair na Comhairle agus, dá réir, bunús a chur lena neamhspleáchas. Cuireadh i bhfeidhm clár cuimsitheach cumarsáide i gcaitheamh na bliana, roimh spriocdháta athnuachana 28 Márta 2008, chun múinteoirí a choimeád ar an eolas faoi ról na Comhairle agus, go háirithe, an tábhacht a bhain leis an gclárúchán a athnuachan.

Baineadh úsáid as raon uirlisí cumarsáide ar a n-áirítear:

- **Lámhleabhar Clárúcháin** a thugann réamheolaire do mhúinteoirí, d'údaráis scoileanna agus do na páirtithe leasmhara ar Chlár na Múinteoirí agus ar an bpróiseas clárúcháin. Cuireadh an chéad eagrán den lámhleabhar mar iatán leis na Litreacha Deimhnithe a eisíodh san Earrach 2008.



- **Dhá fhógra nuachtán** a foilsíodh sna nuachtáin náisiúnta i mí Feabhra 2008 chun comhairle/meabhrúchán a sholáthar do mhúinteoirí faoin tábhacht a bhaineann leis an gclárúchán a chothabháil agus faoin spriocdháta athnuachana a bhí ag teacht chun cinn.
- **Fógra breise nuachtán** a foilsíodh díreach i ndiaidh an spriocdháta chun múinteoirí a choimeád ar an eolas maidir leis an gclárúchán agus chun buíochas a ghabháil leo faoin gcomhoibriú sa phróiseas.
- **Ríomhphost meabhrúcháin** a eisíodh ar 21 Feabhra 2008 chuig gach múinteoir a raibh seoladh ríomhphoist curtha ar fáil acu don Chomhairle.
- **Póstaer** mar aon le nuachtlitir, a seoladh chuig gach scoil i mí Feabhra 2008 inar tugadh léiriú speisialta ar an gclárúchán agus ar athnuachan an chlárúcháin.
- **Láithreán gréasáin na Comhairle**, [www.oide.ie](http://www.oide.ie), a raibh uasdhátú déanta air go rialta maidir leis an gclárúchán agus leis an bpróiseas athnuachana. Foilsíodh doiciméad cuimsitheach 'Ceisteanna Coitianta' ar an láithreán i mí Márta 2008 agus iad seo bunaithe ar na ceisteanna a bhí ag teacht uatha siúd a bhí ag glaoc, nó ag cur litreacha ríomhphoist.
- **Uasdhátaithe in iriseáin agus ar láithreáin na gcumann múinteoirí.**
- **Freastal ar chomhdhálacha na gcumann múinteoirí.** Bhí seastán ag foireann na Comhairle ag na trí chomhdháil a bhí ag na cumainn mhúinteoirí ag deireadh mhí na Márta.
- **Leasuithe sa chur chuige maidir le glaonna gutháin.** Sa tréimhse díreach roimh an spriocdháta athnuachana clárúcháin (28 Márta 2008) tháinig ualach ollmhór glaonna, rud nár tharla cheana, le fiosruithe

faoin bpróiseas athnuachana clárúcháin, agus tháinig alán acu siúd ó mhúinteoirí a raibh a seoladh athraithe acu agus dá bhrí sin nach raibh na doiciméid athnuachana chuí faighte acu. Chuir an Chomhairle nósanna imeachta i bhfeidhm ag an am chun plé leis na glaonna gutháin agus rinneadh plé le gach ceist a ardaíodh ar an mbealach ab éifeachtaí a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh.

### 3.1.7 *Fianaise ar Charachtar*

Mar chuid de phróiseas clárúcháin múinteoirí ní mór don Chomhairle Mhúinteoireachta a bheith san airdeall faoi fianaise ar charachtar. Chun a leithéid a dhéanamh ní mór do gach iarrthóir don chlarúchán:

1. Socrú a dhéanamh go ndéanfaidh duine cuí cáilithe a n-oiriúntacht don teagasc a dheimhniú
2. Dul trí phróiseas Réamhsheiceála an Gharda Síochána agus/nó réamhdheimhniú ó na gardaí thar lear.

Taobh le taobh le ról na Comhairle i leith na fianaise ar charachtar mar chuid den phróiseas clárúcháin, tá sainról ar leith eile ag an gComhairle maidir le Réamhsheiceáil an Gharda Síochána. Ó thus na bliana acadúla 2006/2007, mar atá dlite in Imlitir na Roinne Oideachais agus Eolaíochta 0094/2006, bíonn an réamhsheiceáil mar choinníoll fostaíochta ar mhúinteoirí nua agus ar cheapacháin eile a mbíonn fáil gan feitheoireacht acu ar leanaí agus ar dhaoine fásta leochailleacha. Is ionann “múinteoirí nua” agus iad siúd atá nuacháilithe nó ag teacht isteach arís sa tseirbhís tar éis bheith as láthair tréimhse trí bliana nó níos mó. D'aontaigh an Chomhairle a bheith mar chomhlacht údaraithe chun an réamhsheiceáil seo a fháil ar mhúinteoirí.

Sa téarma deireanach den bhliain acadúil

2006/2007 iarradh ar gach ábhar oide a bhí ar chúrsaí oideachais múinteora iarratas do Réamhsheiceáil an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur isteach go dtí an Chomhairle Mhúinteoireachta. Rinne foireann ar leith gach ceann de na foirmeacha a sheiceáil d'fhonn a dheimhniú go raibh na rannóga cuí comhlánaithe sular cuireadh iad faoi bhráid Lárionad Réamhsheiceála an Gharda Síochána. Cuireadh na foirmeacha go léir ar aghaidh go dtí Lárionad Réamhsheiceála an Gharda Síochána agus cuireadh ar ais na torthaí. Sa chéad téarma den bhliain acadúil 2007/2008 tugadh cuireadh do gach mac léinn chinnbhliana ar chlár oideachais múinteoirí tús a chur leis an bpróiseas réamhsheiceála. Fuarthas roinnt iarratas freisin uatha siúd a bhí ag filleadh ar an mhúinteoireacht tar éis bheith as láthair tréimhse breis agus trí bliana, nó ó dhaoine eile a bhí ag teacht isteach sa chóras den chéad uair, ar nós iad siúd a cáilíodh lasmuigh d'Éirinn. Ba é iomlán na n-iarratas a fuarthas sa bhliain tuairiscithe ná 6,201.

Nuair a nochtáitear ciontú ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh faoi ábharthacht an chiontaithe d'oiriúntacht chlárúcháin an mhúinteora. Tá an Chomhairle tar éis Painéal don Fhianaise ar Charachtar a bhunú chun aon nochtú ar chiontú a mheas nuair a chuireann Aonad Réamhsheiceála an Gharda Síochána ar ais iad. Le linn na bliana tháinig an painéal le chéile ocht n-uaire agus thug siad faomhadh do threoirlínte a chuideoidh lena breithniúchán nuair a bhítear ag plé le ciontuithe nó ag fanacht le torthaí ionchúiseamh.

Le linn na bliana, bhuaíl Cathaoirleach agus Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta le Brendan Smith Uasal, T.D., an tAire Leaná sa Roinn Sláinte agus Leaná chun gnóthaí maidir le réamhsheiceáil an Gharda Síochána a phlé i gcomhthéacs na gar-reachtaíochta.

## 3.2 CLEACHTAS AGUS IOMPAR GAIRMIÚIL

### 3.2.1 Ról na Comhairle

Déantar cur síos i gCuid 5 d'Acht na Comhairle, 2001, ar fheidhmeanna imscrúdaithe agus araíonachta na Comhairle. Is féidir leis an gComhairle nó le haon duine ar leith, sna cúinsí seo a leanas, iarratas a chur faoi bhráid an Choiste Imscrúdaithe maidir le hiniúchadh ar oiriúntacht aon mhúinteora don chleachtas:

- Má theip ar mhúinteoir i gcomhlíonadh an iarratais, nó má sháraigh sé/sí Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, an tAcht Oideachais, 1998, an tAcht Oideachais (Leas), 2000, nó na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go dtí 1999
- Má shíltear iompar an mhúinteora a bheith i réimse an mhí-iompair ghairmiúil mar atá leagtha síos san Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta
- Má bhíonn faillí i gclárú an mhúinteora i ngeall ar eolas míchrúinn nó calaoiseach a bheith tugtha nó mífháisnéis a bheith léirithe
- Muna mbíonn cumas aige/aici i ngeall ar chúinsí leighis

Tabharfaidh an coiste seo cluas éisteachta do ghearáin a chuireann an Coiste Imscrúdúcháin faoina bhráid, de réir mar a oireann.

D'fhéadfadh go mbeadh mar thoradh ar a leithéid go ndéanfaí an clárú a aistharraingt go sealadach nó go buan.

Níl Alt 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta curtha i bhfeidhm go fóill ag an Aire agus, roimh fheidhmiú an Ailt sin, tá an Chomhairle ag ullmhú dá ról sa ghnó trí chomhairle dlí a fháil agus trí thaighde a dhéanamh ar bharrchleachtas i ndlínsí eile agus in eagraíochtaí gairmiúla eile.

### 3.2.2 Coistí Imscrúdaithe agus Araíonachta na Comhairle

Tionóladh comhchruinnithe de chuid na gCoistí Imscrúdaithe agus Araíonachta nuair a bhí na baill ag teacht ar thuiscint ar an ról a bheadh acu sa todhchaí agus iad ag ullmhú do chásanna a d'fhéadfadh teacht faoin oiriúntacht don chleachtas. Tháinig siad le chéile cúig huaire le linn na bliana. Mar chuid den phróiseas foghlama scrúdaigh na baill na cleachtais araíonachta a bhí ag eagraíochtaí gairmiúla eile agus ag Comhairlí Múinteoireachta sa gharchomharsanacht, agus rinne siad nósanna imeachta a dhréachtadh do na painéil araíonachta mar aon le treoir ghinearálta a chur le chéile do phróiseas imscrúdaithe agus araíonachta na Comhairle.

### 3.2.3 Ná Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Seo mar a tugtar sainmhíniú in alt 41 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 ar mhí-iompar gairmiúil:

- Gabháil d'iompar atá contrártha do chód iompair ghairmiúil arna bhunú ag an gComhairle
- Gabháil d'aon iompar míchuí ina c(h)áil ghairmiúil nó ar shlí eile, agus dá bharr a bhfuil sé nó sí neamhoiriúnach chun múineadh.

Le linn na bliana bhí an Chomhairle i dteagmháil go leanúnach le múinteoirí, leis na páirtneirí oideachais agus leis an bpobal i gcoitinne chun bolscaireacht a dhéanamh ar na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a foilsíodh i mí Márta 2007.

# EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL A FHORBAIRT AGUS A CHOThABHÁIL CHUN TACÚ LE hOBAlR NA COMHAIRLE

## 4

Chun na cuspóirí atá aici a bhaint amach ní mór don Chomhairle eagraíocht éifeachtach agus costéifeachtach a reáchtáil. Chun a leithéid a dhéanamh ní mór struchtúir, córais agus próisis éifeachtacha a chothabháil agus a fhorbairt, agus ní mór lánfheidhm a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil.

20

### 4.1 STRUCHTÚR COISTÍ A CHUR I BHFEIDHM

Chun a cuid oibre a éascú ag leibhéal níos doimhne, tá an Chomhairle tar éis coistí, grúpaí oibre agus painéil a bhunú. Tá fáil ar mhionsonraí na gcrúinnithe a tionóladh i rith bliain na tuairisce i bhFigiúr 4.

#### 4.1.1 Forbairt Ghairmiúil do na Baill

I mí na Nollag 2007 d'fhreastail baill na Comhairle ar chlár forbartha gairmiúil thar thréimhse dhá lá. Mar chuid den chlár seo bhí cur i láthair faoi Oideachas Múinteoirí sa bhFionlainn ón Ollamh Juhani Hytönen ó Ollscoil Helsinki, agus cur i láthair eile faoi Ráiteas Fise agus Misin na Comhairle Múinteoireachta a Fhorbairt ón uasal Paul Fields, Stiúrthóir Ionad Oideachais Chill Chainnigh. I measc na n-ábhar eile a pléadh bhí: Caighdeáin, Inniúlachtaí agus Torthaí sa Mhúinteoireacht; obair an Chlár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile agus ról na Seirbhíse Tacaíochta Dara Leibhéal.

Fig. 4 - Sceideal Cruinnithe na Comhairle agus Coistí na Comhairle don bhliain dár críoch 28 Márta 2008

	Líon na gCruinnithe
An Chomhairle	5
An Coiste Feidhmiúcháin	6
An Coiste Clárúcháin	7
Na Coistí Imscrúdúchuithe agus Araíonachta (Comhchoistí)	5
An Coiste Oideachais	8
An Coiste Airgeadais	8
An Coiste Iniúcháireachta	5
An Painéal Fianaise Carachtair	8
An Grúpa Oibre ar Nósanna Imeachta	5
Grúpa Oibre na Gaeilge	1
Painéal na nIarratas Bunscoile	11
Painéal na nIarratas Iar-bhunscoile	12

## 4.2 RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá an Chomhairle san airdeall faoin tábhacht a bhaineann le dea-rialachas corparáideach agus táthar ag tabhairt faoi threoirilínte na Roinne Airgeadais d'eagraíochtaí Stáit ar rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm, faoi láthair. Trína Coiste Iniúcháireachta agus a Grúpa Oibre ar Nósanna Imeachta tá an Chomhairle tar éis cúram a ghlacadh de thuarascáil bhliantúil agus de chuntais airgeadais iniúchta a fhoilsiú mar aon le cód cleachtais a fhorbairt don Chomhairle, cóid iompair ghnó a fhorbairt do bhaill agus d'fhoireann na Comhairle, agus córas a chruthú do smachtanna inmheánacha airgeadais. Bíonn nósanna imeachta maidir le nochtadh úis agus géilliúntas d'Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí mar chuid de shocruithe na Comhairle don rialachas corparáideach. Le linn bliana na tuairisce thosaigh an Coiste Iniúcháireachta ar fheidhm iniúcháireachta inmheánach na Comhairle a fhorbairt.

### 4.2.3 Comhairle Ghairmiúil

Bíonn ar an gComhairle, agus í i mbun oibre, comhairle agus tacaíocht ghairmiúil a éileamh de réir mar is gá. Le linn na bliana fuarthas comhairle dlí ar raon ábhar, ina measc bunú Chlár na Múinteoirí, dréachtadh agus forbairt na rialúcháin don toghchán do bhallraíocht na múinteoirí ar an gComhairle, agus forbairt ar nósanna imeachta na Comhairle dá feidhm i leith oiriúntacht don teagasc.

### 4.2.4 Ag ullmhú don Chomhairle nua i mí Márta 2009

Tá tús curtha ag an gComhairle le hullmhúchán do cheapachán na Comhairle nua i mí Márta 2009. Is í seo an chéad ócáid ina mbeidh an Chomhairle ag eagrú an toghcháin don 16 múinteoir cláraithe don Chomhairle. Le linn tréimhse na tuairisce, bhí

an dréachtadh ar rialúcháin na Comhairle do thoghchán na múinteoirí mar phríomhghné den obair.

## 4.3 BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ

### 4.3.1 Acmhainní Daonna

Bhí faomhadh ar 28 Márta 2008 do leibhéal foirne 28.5 post. Le linn bliana na tuairisce ceapadh roinnt ball foirne ar bhonn sealadach ag amanna nuair a bhí mór-ualach gníomhaíochta ar bun.

Leanadh leis an bhforbairt ar chórais bhainistíochta acmhainne daonna ar a n-áirítear iad siúd don fhorbairt ghairmiúil leanúnach do bhaill na Comhairle. Tá fáil in Aguisín 3 ar na sonraí a bhaineann le struchtúr bainistíochta na Comhairle.

### 4.3.2 Airgeadas

Bíonn léirtheiscint ag an gCoiste Airgeadais ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle ina measc ullmhúchán an bhuiséid bhliantúil, monatóireacht leanúnach ar theacht isteach agus ar chaiteachas, agus ar shocruithe na Comhairle maidir le cúramaí ginearálta riarachán. Le linn na tréimhse bunaíochta bhí maoiniú ag an gComhairle ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta de réir mar atá dlite in Alt 21 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001, a cheadaíonn maoiniú don Chomhairle ón Aire don dá bhliain tar éis a bunaithe. Bhí trí mhilliún euro mar chaiteachas ag an gComhairle don bhliain airgeadais 2007. Tá fáil in Aguisín 4 ar Chuntais Airgeadais Iniúchta na Comhairle do 2007.

### Táille Chlárúcháin

Déanann Alt 23 den Acht foráil d'fhéinmhaoiniú na Comhairle agus beidh íocaíocht an táille chlárúcháin bhliantúil ó

gach múinteoir cláraithe mar bhunchloch an phróisis seo. Le linn na bliana dar críoch 28 Márta 2008, thug an tAire faomhadh do sceideal na dtáillí a bhí molta ag an gComhairle.

#### 4.3.3 TEC

Rinne an Chomhairle dul chun cinn suntasach le linn na bliana maidir le córais nua-aimseartha éifeachtacha TEC, atá curtha in oiriúint do riachtanais na Comhairle, a bhunú agus a bhainistiú.

Rinneadh an bunachar sonraí ar a bhfuil an clár stóráilte a fhorbairt ar bhealach a cheadaíonn na hasbhaintí ar tháillí a chlárú i bhformáid éagsúla (airgead tirim/seic, cártaí creidmheasa/léasair agus asbhaintí ó thuarastal), mar aon leis na comhaid ar asbhaintí tuarastal a chruthú don 35 fostóirí (33 Coistí Gairmoideachais agus rannóga íocaíochta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, bunoidéachas agus iar-bhunoideachas). Bíonn idirbhearta airgeadais an mhúinteora stóráilte freisin agus is féidir admhálacha íocaíochtaí agus doiciméid airgeadais eile a chur ar fáil chomh maith.

Chuir an Chomhairle críoch le linn na bliana leis na sonraí a chuirtear i láthair ar an gcómhéadan gréasáin don chlár. Cuireadh freisin leis na cleachtais i leith sonraí a stóráil agus a athshlánú i gcás tubaiste.

Cuireadh isteach Intleacht Ghnó mar Réiteach Tuairiscithe a cheadaíonn tuairisciú fíor-ama agus sonraí a chur i lathair ón gclár. Bainfear úsáid as an réiteach amach anseo chun dlútheolas bliantúil staitistiúil a chur ar fáil.

#### 4.3.4 Cóiríocht

Tá an Chomhairle lonnaithe i Maigh Nuad, Co. Chill Dara agus bhí ceiliúradh aici ar oscailt oifigiúil a hoifigí i mí Meán Fómhair 2007. Bíonn na hoifigí oscailte don phobal idir 9.00 a.m. agus 5.00 p.m. ó Luan go hAoine agus tá fáil iontu ar spás oifige d'fhoireann na Comhairle mar aon le seomra acmhainní agus seomra cruinnithe do chruinnithe Comhairle, Coistí and eile.

#### 4.4 CUMARSÁID

Tá forbairt déanta ag an gComhairle ar chlár cumarsáide réamhphleanáilte mar bhuntaca lena feidhmeanna go léir. Deimhníonn an Chomhairle i gcónaí, agus an clár seo á chur i bhfeidhm, go mbaintear úsáid as na bealaí cumarsáide is éifeachtaí agus is costéifeachtaí. Seo a leanas an raon modhanna cumarsáide a úsáideadh le linn na bliana.

##### 4.4.1 Fógraíocht

Chuir an Chomhairle fógraí sna nuachtáin náisiúnta ar ócáidí áirithe i rith na bliana. Féach Figiúr 5 don sceideal iomlán fógraí a foilsíodh lasmuigh dóibh siúd a foilsíodh mar chuid d'fheachtas earcaíochta na Comhairle. Bhí tacaí breise freisin le gach ceann de na fógraí seo, m.sh. post díreach chuig scoileanna agus ailt in irisleabhair aontas múinteoirí. Is bealach úsáideach iad na fógraí chun aird a dhíriú ar spriocdhátaí clárúcháin/ athnuachana, agus chun múinteoirí nach bhfuil fostaíocht faoi láthair acu agus/nó ballraíocht acu i gcumainn mhúinteoirí a dhíriú ar eolas tábhachtach eile.

Baineadh úsáid freisin as an bhfógraíocht i bprionta mar chuid de chlár earcaíochta na Comhairle i mí na Nollag 2006 agus i mí Feabhra 2007.



Fig. 5 - Sceideal na bhFógraí a Foilsíodh

Dáta	Príomhtheachtaireacht	Spriocghrúpa
Feabhra 2008	Eolas ar Athnuachan Clárúcháin  Meabhrúchán faoin Spriocdháta Athnuachana Clárúcháin	Na múinteoirí go léir a bhí cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi mhí Márta 2007
Márta 2008	Fógra buíochais as na foirmeacha clárúcháin a cuireadh ar ais agus meamram maidir leis na foirmeacha clárúcháin agus na foirmeacha iarratais nár tháinig, a chur ar ais	Gach múinteoir a bhí cláraithe nó a bhí ag éileamh go gclárófaí iad leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

#### 4.4.2 Post Díreach

Scríobh an Chomhairle go díreach chuig scoileanna cúig huaire le linn na bliana. I bhformhór na gcás is chuig príomhoide na scoileanna a cuireadh iad seo le cóipeanna breise ann freisin do mhúinteoirí. Tá an Chomhairle faoi chomaoin ag príomhoidí as ucht a gcúnamh maidir leis na doiciméid a chur ar fáil don fhoireann. Scríobh an Chomhairle go díreach chuig múinteoirí ó am go ham, mar chuid den phróiseas athnuachana clárúcháin. Tá fáil i bhFigiúr 6 ar na sonraí eolais faoi na feachtais post díreach a cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana.

Fig. 6 - Sceideal an Phoist Díreach

Dáta	Príomhtheachtaireacht
Márta 2007	Eagrán an Earraigh de nuachtlitir na Comhairle Múinteoireachta, <i>Oide</i>
Meán Fómhair 2007	Eagrán an Fhómhair de nuachtlitir na Comhairle Múinteoireachta, <i>Oide</i>
Feabhra 2008	Eagrán an Earraigh de nuachtlitir na Comhairle Múinteoireachta, <i>Oide</i>
Feabhra 2008	Póstaer faoin Tuairisc Bhlíantúil agus faoi na Sparántachtaí
Márta 2008	Lámhleabhar Clárúcháin







chinnte in airde nuair a déantar comparáid le tuairisc na bliana 2006/2007, nuair a cláraíodh 11,000 cuairt mar mheán míosúil.

#### 4.4.5 Teagmháil le hEagraíochtaí Ionadaíochta

Cuireann cumainn na múinteoirí, eagraíochtaí na dtuismitheoirí, eagraíochtaí bainistíochta agus eile deiseanna fíor-luachmhara ar fáil don Chomhairle chun cumarsáid a dhéanamh leis na daoine ar leith a mbíonn sainspéis aici iontu. Bhain an Chomhairle úsáid le linn na bliana as na bealaí cumarsáide seo chun a príomhtheachtaireachtaí a dhaingniú, agus chun aischothú a fháil ar raon gníomhaíochtaí na Comhairle.

#### 4.4.3 Caidrimh leis na Meáin

Tuigeann an Chomhairle Mhúinteoireachta go gcruthaíonn na meáin bealach éifeachtach cumarsáide mar aon le bheith mar spriocghrúpa teagmhála. Tugtar faoin leas is fearr a bhaint as na deiseanna a bhíonn ar fáil, mar is cuí, chun proifil na Comhairle a ardú, chun aird a dhíriú ar phríomhtheachtaireachtaí na Comhairle agus chun meas ar ghairm na múinteoireachta a chaomhnú. Eisíodh aon cheann déag de phreasráitis le linn bliain na tuairisce seo, agus bhí 6 cinn acu siúd bainteach go háitiúil le freastal ar riachtanais na meán réigiúnacha.

#### 4.4.4 Láithreán Gréasáin

Déantar láithreán gréasáin na Comhairle, [www.oide.ie](http://www.oide.ie), a uasdhátú go rialta chun a dheimhniú go ndéantar é a fhorbairt mar fhoinsé thábhachtach eolais do mhúinteoirí agus do dhaoine eile. Léiríonn na sonraí ó chuartheanna na bliana ar an láithreán go bhfuil an-tóir ag úsáideoirí ar an láithreán. Is léir ó na taifid go mbíonn breis agus 21,000 cuairt mar mheán míosúil ar an láithreán. Rud níos suntasaí fós, b'fhéidir, ná go bhfuil treocht

#### 4.4.6 Foilseacháin

Buaileann baill ón gComhairle Mhúinteoireachta agus ón bhfoireann le grúpaí múinteoirí agus bíonn sé le feiceáil acu gur mian le múinteoirí níos mó a fhoghlaim faoin gComhairle agus faoi na bealaí inar féidir léi a bheith buntáisteach dóibh. Dá réir seo tá coimriú déanta ag an gComhairle



ar bhileog ghairid dar teideal “Conas mar a chuideoidh an Chomhairle Mhúinteoireachta le Múinteoirí?” agus cuireadh cóip chuig gach múinteoir i mí Meán Fómhair 2007. Is féidir an bhileog a íoslódáil freisin ó láithreán gréasáin na Comhairle, [www.oide.ie](http://www.oide.ie).

Cuireadh Tuairisc Bhliantúil na Comhairle don bhliain dar críoch 28 Márta 2007 chuig gach scoil, chuig na páirtithe leasmhara agus na leabharlanna i mí Meán Fómhair 2007, mar chruachóip agus ar dhlúthdhiosca. Tá fáil ar an tuairisc, ar a n-áirítear na cuntais airgeadais, le híoslódáil ó láithreán gréasáin na Comhairle, [www.oide.ie](http://www.oide.ie). Eisíodh Lámhleabhar Clárúcháin na Comhairle chuig gach múinteoir cláraithe i mí Feabhra 2008. Tugann an leabhrán forléiriú ar an bpróiseas clárúcháin, cuirtear comhairle ar fáil faoi phróiseas clárúcháin na múinteoirí agus faoi na bealaí le heolas a rochtan ón gclár.

#### 4.5 SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tuigeann an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le bealaí cumarsáide a fhorbairt le páirtneirí uile an oideachais agus leis an bpobal i gcoitinne agus fáiltítear roimh theagmháil ar ghuthán, ar an ríomhphost nó trí chuairt a thabhairt go pearsanta ar na hoifigí.

Tagann 3,000 glao gutháin agus 650 litir ríomhphoist mar mheán laethúil chuig an gComhairle.

#### 4.6 SAORÁIL FAISNÉISE AGUS COSAINT SONRAÍ

Tá an Chomhairle faoi réir ag riachtanais na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 (Acht FOI) agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Rinneadh dhá iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise le linn na bliana.

#### 4.7 GAEILGE

Cé nach bhfuil an Chomhairle faoi réir go fóill ag Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, bíonn sí tiomanta d’úsáid na Gaeilge chomh minic agus is féidir.

Cuirtear bileoga agus foilseacháin uile na Comhairle ar fáil go dátheangach agus tá teidil Ghaeilge ag an nuachtlitir agus ag an díosca digiteach ilúsáide ar an. I mí Feabhra 2008, mar chuid de Ghradaim Gaeilge eRialtas, bronnadh Teastas Gradaim don “Suíomh Gaeilge is Fearr” ar an gComhairle dá láithreán gréasáin [www.oide.ie](http://www.oide.ie).

I gcaitheamh na bliana freisin rinneadh uasghrádú ar an gcóras freagartha gutháin chun éascú a dhéanamh ar an gcóras dóibh siúd a bhí ag iarraidh a gceistiúchán a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Phléigh an Chomhairle le ceisteanna éagsúla trí mheán na Gaeilge ar ríomhphost agus i scríbhinn freisin.

Rinneadh gach ceann de na feachtais poist dhíreach go dátheangach i mbliana.

## AGUISÍNÍ

- AGUISÍN 1** Baill na Comhairle
- AGUISÍN 2** Coistí, Grúpaí Oibre agus Painéil na Comhairle
- AGUISÍN 3** Struchtúr Bainistíochta na Comhairle
- AGUISÍN 4** Ráitis Airgeadais Iniúchta

# 5

### AGUISÍN 1

#### Baill na Comhairle

26

Tá 37 ball ar an gComhairle mar seo a leanas:

- Aon mhúinteoir déag bunscoile, naonúr acu tofa agus beirt ainmnithe ag cumann na múinteoirí
- Aon mhúinteoir déag iar-bhunscoile, seachtar acu tofa agus ceathrar ainmnithe ag cumainn na múinteoirí
- Beirt ainmnithe ag na Coláistí Oideachais
- Beirt ainmnithe ag eagrais tríú léibhéal
- Ceathrar ainmnithe ag bainistíocht scoileanna (beirt ón mbunleibhéal agus beirt ón dara leibhéal)
- Beirt ainmnithe ag cumainn na dtuismitheoirí (duine ón mbunleibhéal agus duine ón dara leibhéal) agus
- Cúigear ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta, ar a n-áirítear duine ó IBEC agus duine ó ICTU.

Tá fáil anseo thíos ar liosta iomlán na mball mar a bhí ar 28 Márta 2008.

#### BALL

#### RANNÓG

Christy Carroll	Tofa	Scoileanna Bunleibhéil
Prof. Peadar Cremin	Ainmní	Coláistí Oideachais
Lily Cronin	Tofa	Scoileanna Iar-bhunleibhéil Dheonacha
Oliver Donohoe	Ainmní	Aire (ICTU)
Prof. Sheelagh Drudy	Ainmní	Ollscoileanna agus Coláistí Ainmnithe Tríú Leibhéal
Derek Dunne	Ainmní	AMÉ (TUI)

## BALL

## RANNÓG

Emer Egan	Ainmní	Aire
Dr. Jim Gleeson	Ainmní	Ollscoileanna agus Coláistí Ainmnithe Tríú Leibhéal
Tommy Glynn	Tofa	Scoileanna Gairmoideachais
Susie Hall	Tofa	Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha
Jack Keane	Tofa	Scoileanna Iar-bhunleibhéil Dheonacha
Justin MacCarthy	Tofa	Scoileanna Bunleibhéil
Christopher Maginn	Ainmní	CMMÉ (ASTI)
Gerry Malone	Ainmní	CMÉ (INTO)
Dr. Kevin Marshall	Ainmní	Aire (IBEC) (ceaptha Eanáir 2007)
Anita McCann	Ainmní	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal)
Anne McElduff	Ainmní	CMÉ (INTO)
Patrick McQuaile	Tofa	Scoileanna Gairmoideachais
Dympna Mulkerrins	Tofa	Scoileanna Bunleibhéil
Máire Ní Laoire	Ainmní	CMMÉ (ASTI)
Tomás Ó Cruadhlaoidh	Ainmní	Aire
Dr. Anne O’Gara	Ainmní	Coláistí Oideachais (ceaptha Deireadh Fómhair 2007)
Mícheál Ó Gríofa	Tofa	Scoileanna Bunleibhéil
George O’Callaghan	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Iar-bhunleibhéal)
Maree O’Connell	Tofa	Scoileanna Bunleibhéil
Msgr. Dan O’Connor	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Bunleibhéal)
Deirdre O’Donoghue	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Bunleibhéal)
Kieran O’Driscoll	Ainmní	Aire
Bernadine O’Sullivan	Tofa	Scoileanna Iar-bhunleibhéil Dheonacha
Eleanor Petrie	Ainmní	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-bhunleibhéal)
Dermot Quish	Tofa	Scoileanna Iar-bhunleibhéil Dheonacha
Seán Rowley	Tofa	Scoileanna Bunleibhéil
Jacqueline Sheil	Ainmní	AMÉ (TUI)
Jacinta Stewart	Ainmní	Bainistíocht Scoile (Iar-bhunleibhéal)
Milo Walsh	Tofa	Scoileanna Bunleibhéil
Eileen Ward	Tofa	Scoileanna Bunleibhéil
Joan Ward	Tofa	Scoileanna Bunleibhéil
Sr. Darina Hosey	Ainmní	Coláistí Oideachais (Éirithe as Meán Fómhair 2007)

## AGUISÍN 2

### Coistí, Grúpaí Oibre agus Painéil na Comhairle

Ar mhaithe le héascaíocht a dhéanamh ar shainobair na Comhairle, tá roinnt coistí, grúpaí oibre agus painéil. Tá na mionsonraí faoi fheidhmeanna agus faoi bhallraíocht gach ceann acu seo le fáil anseo thíos.

#### AN COISTE FEIDHMIÚCHÁIN

Is é cuspóir an Choiste Feidhmiúcháin ná éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú inniúil agus éifeachtach na Comhairle trí ghnóthaí na Comhairle a réachtáil idir ghnáthchruinnithe ginearálta na Comhairle. Is iad seo a leanas cuid de shainchuspóirí an choiste:

- Feidhmiú mar fhóram comhordaithe do ghníomhaíochtaí na Comhairle agus iad airdeallach ar ghníomhaíochtaí na gcoistí, agus meicníocht chomhordaithe acu le gníomhú ar thrasghnóthaí de réir mar a eascraíonn siad
- Gníomhú ar son na Comhairle nuair nach féidir cruinniú ginearálta a eagrú i ngeall ar chúinsí ama nó cúinsí eile
- Orduithe eatramhacha a dhéanamh ar son na Comhairle nuair a bhíonn práinn i gceist agus nuair nach féidir leis an gComhairle cruinniú a eagrú ar fhógra gearr.
- Tuairisciú go rialta don Chomhairle.

**Ar 28 Márta 2008 bhí aon bhall déag ar an gCoiste Feidhmiúcháin mar seo a leanas:**

Joan Ward (Cathaoirleach)

Tommy Glynn

Emer Egan

Dr. Jim Gleeson

Susie Hall

Gerry Malone

Anne McElduff

Tomás Ó Cruadhlaoidh

Bernadine O'Sullivan

Eleanor Petrie

Pat McQuaile

## AN COISTE IMSCRÚDAITHE

Nuair a bheidh Alt 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta ag feidhmiú beidh an Chomhairle, nó aon duine eile, ábalta iarratas a chur faoi bhráid an Choiste Imscrúdaithe faoi fheidhmiúlacht múinteora chláraithe chun múineadh ar gach ceann nó aon cheann de na forais seo a leanas:

- nár chomhlíon sé nó sí an tAcht seo, an tAcht Oideachais, 1998, an tAcht Oideachais (Leas), 2000, na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999, nó aon rialacháin, rialacha nó orduithe arna ndéanamh faoi na hAchtanna sin, nó gur sháraigh sé nó sí aon fhoráil de na hAchtanna sin
- gur mí-iompar gairmiúil a iompar nó a hiompar
- go bhfuil a chlárú nó a clárú earráideach mar gheall ar dhearbhú nó mífhaisnéis atá bréagach nó calaoiseach
- go bhfuil sé nó sí neamhfheidhmiúil, ó thaobh sláinte de, chun múineadh.

Ní bheidh baint ag an gComhairle ach an oiread le gnóthaí laethúla a bhaineann le Conradh ná le haraíonacht, ná ní bheidh suntas á thabhairt ag an gComhairle do ghearáin ar féidir déileáil níos fear leo ag an leibhéal áitiúil.

**Ar 28 Márta 2008 bhí aon bhall déag ar an gCoiste Imscrúdaithe mar seo a leanas:**

Tommy Glynn (Cathaoirleach)

Oliver Donohoe

Derek Dunne

Máire Ní Laoire

Maree O'Connell

Micheál Ó Gríofa

Christy Maginn

Deirdre O'Donoghue

Eleanor Petrie

Jacinta Stewart

Milo Walsh

## AN COISTE ARAÍONACHTA

De réir mar a oireann déanfaidh an coiste seo imscrúdú éisteachta ar ghearán a chuireann an Coiste Imscrúdaithe faoina bhráid. D'fhéadfadh go mbeadh mar thoradh ar a leithéid go ndéanfaí an clárú a aistarraingt go sealadach nó go buan.

**Ar 28 Márta 2008 bhí triúr ball déag ar an gCoiste Araíonachta mar seo a leanas:**

Joan Ward (Cathaoirleach)

Lily Cronin

Emer Egan

Jack Keane

Justin MacCarthy

Anita McCann

Pat McQuaile

Christy Carroll

George O'Callaghan

Msgr. Dan O'Connor

Jacqueline Sheil

Eileen Ward

Dr. Kevin Marshall

## AN COISTE CLÁRÚCHÁIN

Tugann an Coiste Clárúcháin comhairle don Chomhairle agus déanann siad moltaí faoi gach gné den chlárúchán. Baineann an obair seo le socrú na riachtanas, caighdeáin agus rialacháin don chlárúchán; téarmaí tagartha do phainéal na n-iarratasóirí; ceapachán measúnóirí agus comhairleoirí na n-ábhar léinn; próisis achomhairc, agus cinntí a dhéanamh maidir le hachomhairc. Pléann an choiste freisin gnóthaí a bhaineann le fianaise carachtair agus leis an bpromhadh.

**Ar 28 Márta 2008 bhí triúr ball déag ar an gCoiste Clárúcháin mar seo a leanas:**

Pat McQuaile (Cathaoirleach)

Prof. Peadar Cremin

Prof. Sheelagh Drudy

Jack Keane

Justin MacCarthy

Derek Dunne

Máire Ní Laoire

George O'Callaghan

Msgr. Dan O'Connor

Tomás Ó Cruadhlaoidh

Kieran O'Driscoll

Micheál Ó Gríofa

Seán Rowley

## AN COISTE AIRGEADAIS

Bíonn léirtheiscint ag an gCoiste Airgeadais ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle ina measc ullmhúchán an bhuiséid bhliantúil, monatóireacht leanúnach ar theacht isteach agus ar chaiteachas, agus ar shocruithe na Comhairle maidir le curamaí ginearálta riaracháin. Tá siad seo a leanas mar chuid de shainchuspóirí an choiste:

- Athbhreithniú agus tuairisciú ar ghnóthaí airgeadais na Comhairle
- Breithniúchán maidir leis an mbuiséad bliantúil
- Monatóireacht a dhéanamh ar dháileadh an chiste airgid
- Athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh maidir le táillí na Comhairle
- Teagmháil a dhéanamh le, agus cuntais a ullmhú do, na hiniúcháirí agus tuairisciú don Chomhairle maidir le cúinsí airgeadais.

**Ar 28 Márta 2008 bhí cúigear ar an gCoiste Airgeadais mar seo a leanas:**

Bernadine O'Sullivan  
(Cathaoirleach)

Anita McCann

Kieran O'Driscoll

Seán Rowley

Jacqueline Sheil



## AN COISTE OIDEACHAIS

Tá cúram ar an gcoiste seo aighneachtaí a dhréachtadh agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle faoi ghnéithe áirithe d'obair na Comhairle. I measc gnéithe eile, baineann an obair seo le dréachtadh Cóid Iompair Ghairmiúla do Mhúinteoirí; moltaí a dhéanamh maidir le riachtanais fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí; agus le forbairt straitéisí taighde agus cumarsáide na Comhairle Múinteoireachta.

**Ar 28 Márta 2008 bhí triúr ball déag ar an gCoiste Oideachais mar seo a leanas:**

Gerry Malone (Cathaoirleach)

Lily Cronin

Oliver Donohoe

Dr. Jim Gleeson

Jacqueline Sheil

Dr. Anne O'Gara

Dr. Kevin Marshall

Pat McQuaile

Dympna Mulkerrins

Deirdre O'Donoghue

Dermot Quish

Jacinta Stewart

Eileen Ward

31

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Déanann an Coiste Iniúcháireachta monatóireacht ar chórais, ar smachtaí airgeadais agus ar nósanna imeachta na Comhairle lena dheimhniú go mbíonn siad ag feidhmiú ar bhealach ordúil agus éifeachtach.

**Ar 28 Márta 2008 bhí seisear ar an gCoiste Iniúcháireachta mar seo a leanas:**

Dr. Kevin Marshall (Cathaoirleach)

Emer Egan

Jacqueline Sheil

Oliver Donohue

Kieran O'Driscoll

Bernadine O'Sullivan

## AN PAINÉAL AR FHIANASE CARACHTAIR

Déanann an Painéal ar Fhianaise Carachtair, a thuiriscíonn don Choiste Clárúcháin, aon nochtadh ar chionuithe a thagann ar ais ó Lárionad Réamhsheiceála an Gharda Síochána a mheas.

**Ar 28 Márta 2008 bhí seisear ar an an bPainéal ar Fhianaise Carachtair mar seo a leanas:**

Eleanor Petrie (Cathaoirleach)

Tommy Glynn

Susie Hall

Maree O'Connell

Kieran O'Driscoll

Milo Walsh

## PAINÉAL NA nIARRATAS BUNSCOILE

Déanann an painéal seo, a thuiriscíonn don Choiste Clárúcháin, athbhreithniú ar na moltaí ó na meastóirí seachtracha maidir le hoiriúntacht na gcáilíochtaí ag iarratasóirí don chlárúchán.

**Ar 28 Márta 2008 bhí seisear ar Phainéal na nIarratas Bunscoile mar seo a leanas:**

Seán Rowley (Cathaoirleach)

Justin MacCarthy

Micheál Ó Gríofa

Emer Egan

Prof. Peadar Cremin

Msgr. Dan O'Connor

## PAINÉAL NA NIARRATAS IAR-BHUNSCOILE

Déanann an painéal seo, a thuiriscíonn don Choiste Clárúcháin, athbhreithniú ar na moltaí ó na meastóirí seachtracha maidir le hoiriúntacht na gcáilíochtaí ag iarratasóirí don chlárúchán.

**Ar 28 Márta 2008 bhí naonúr ar Phainéal na niarratas Iar-bhunscoile mar seo a leanas:**

Pat McQuaile (Cathaoirleach)

Derek Dunne

Jack Keane

Máire Ní Laoire

Tomás Ó Cruadhlaoidh

Kieran O'Driscoll

Prof. Sheelagh Drudy

Dr. Jim Gleeson

George O'Callaghan

## GRÚPA OIBRE AR NÓSANNA IMEACHTA

Bunaíodh Grúpa na Nósanna Imeachta, a thuiriscíonn don Choiste Feidhmiúcháin, chun cuidiú leis an gComhairle a cuspóirí maidir leis an rialachas corparáideach a bhaint amach trí, mar shampla, Cód Cleachtais na Comhairle. Tugadh an cúram don ghrúpa freisin maidir leis na rialacháin toghchánaíochta a dhreachtadh mar réamhullmhúchán do thoghchán bhallaíochta na múinteoirí don Chomhairle nua i mí Márta 2009.

**Ar 28 Márta 2008 bhí ceathrar ar Ghrúpa Oibre na Nósanna Imeachta mar seo a leanas:**

Mícheál Ó Gríofa (Cathaoirleach)

Pat McQuaile

Bernadine O'Sullivan

Brendan O'Dea (Deputy Director)

## GRÚPA OIBRE NA GAELIGE

Bunaíodh Grúpa Oibre na Gaeilge, a thuiriscíonn don Choiste Feidhmiúcháin, chun moltaí a dhéanamh ar ghnóthaí a bhaineann le riachtanas na Gaeilge do bhunmhúinteoirí a cháiligh lasmuigh d'Éirinn.

**Ar 28 Márta 2008 bhí cúigear ar Ghrúpa Oibre na Gaeilge mar seo a leanas:**

Tomás Ó Cruadhlaoidh  
(Cathaoirleach)

Máire Ní Laoire

Eileen Ward

Joan Ward

Áine Lawlor (Director)

## AGUISÍN 3

Struchtúr Bainistíochta na Comhairle - mar a bhí ar 28 Márta 2007

### COMHAIRLE

Áine Lawlor  
STIÚRTHÓIR

Brendan O'Dea  
LEAS-STIÚRTHÓIR

OIFIGEACH CUMARSÁIDE  
AGUS OIDEACHAIS  
Carmel Kearns

OIFIGEACH  
CLÁRÚCHÁIN  
Colm O'Leary

OIFIGEACH  
CLÁRÚCHÁIN CHÚNTA  
Declan O'Leary

CEANN AIRGEADAIS  
Harry McGeary

## AGUISÍN 4

### Ráiteas Airgeadais Iniúchta don Tréimhse dár Críoch 31 Nollaig 2007

<p><b>Iniúcháirí</b></p>	<p>Anne Brady McQuillans DFK Cúntasóirí Cairte &amp; Iniúcháirí Cláraithe Cúirt Iveagh Bóthar Harcourt Áth Cliath 2</p>
<p><b>Baincéirí</b></p>	<p>Banc na hÉireann Príomhshráid Maigh Nuad Co. Chill Dara</p> <p>Banc AIB plc Príomhshráid Maigh Nuad Co. Chill Dara</p>
<p><b>Dlíodóirí</b></p>	<p>McDowell Purcell Partnership Solicitors Foirgneamh Capel Mainistir Mhuire Áth Cliath 7</p> <p>Arthur Cox Solicitors Lárionad Earlsfort Ardán Earlsfort Áth Cliath 2</p>

## Ráiteas Airgeadais Iniúchta don Tréimhse dár Críoch 31 Nollaig 2007

Tuairisc na Comhairle	37
Ráiteas ar Dhualgais na Comhairle	38
Tuairisc Neamhspleách na nIniúcháirí	39
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	41
Clár Comhordaithe	42
Ráiteas Sreabhadh Airgid	43
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	44

**Ráiteas Airgeadais Iniúchta** don Tréimhse dár Críoch 31 Nollaig 2007**Tuairisc na Comhairle**  
don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2007

Cuireann an Chomhairle i láthair a tuairisc maraon le ráitis airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2007. Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil ar 28 Márta 2006 de réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Is don tréimhse ó 28 Márta 2006 (dáta na bunaíochta) go dtí 31 Nollaig 2006 atá na figiúirí comparáideacha.

**Príomhghnó**

Is é príomhghnó na Comhairle Múinteoireachta ná an mhúinteoireacht mar ghairm ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhunscoile a chur chun cinn, forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn, agus caighdeáin a rialú i ngairm na múinteoireachta.

**Torthaí**

Is é an barrachas a bhí ann don tréimhse tar éis luachlaghdú agus cánachas ná €234,398 (2006: €32,898).

**Leabhair Chuntais**

Tá sé dlite ag Alt 18 den Acht um Chomhairle Múinteoireachta, 2001, go bhfuil an Chomhairle freagrach as leabhair chuntais cearta a choimeád a léiríonn go sách cruinn ag aon am conas mar atá cuntas airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sóchmhainní na heagraíochta a chosaint agus dá réir sin as na céimeanna cuí a ghlacadh chun calaoisí nó mírialtachtaí eile a sheachaint. Coimeádtar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.

**Iniúcháirí**

Tá curtha in iúl ag na hiniúcháirí Anne Brady McQuillans DFK go bhfuil siad sásta leanacht in oifig.

**Imeachtaí i ndiaidh Dáta an Chláir Chomhordaithe**

Ní raibh aon chúinsí ná imeachtaí i ndiaidh dheireadh na bliana a éilíonn ceartú, nó nochtadh, sna ráitis chuntais ná sna nótaí a ghabhann leo.

Ar son na Comhairle



JOAN WARD  
Cathaoirleach

Dáta: 12 Bealtaine 2008



ÁINE LAWLOR  
Stiúrthóir



## Ráiteas Airgeadais Iniúchta don Tréimhse dár Críoch 31 Nollaig 2007

### Ráiteas i Leith Freagrachtaí na Comhairle do na Ráitis Airgeadais

Tá an Chomhairle freagrach as ucht na Tuairisce agus na Ráitis Airgeadais mar atá dlite agus cuí de réir dlí na hÉireann, ar a n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus de réir Gnáthchleachtas Cuntasaíochta in Éirinn ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta a eisíonn Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus mar atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilíonn dlí na hÉireann ar a n-áirítear Alt 18(2) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, go n-ullmhóidh an Chomhairle ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais agus go ndéanfaí iontu cur síos cothrom agus fíor ar ghnóthaí na heagraíochta don tréimhse sin.

Tá sé mar dhualgas ar an gComhairle, agus na ráitis airgeadais á ullmhú acu, go ndéanfaí:

- polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastúcháin a dhéanamh a bhíonn réasúnta agus stuama
- na cúntais airgeadais a ullmhú mar ghnóthas leantach ach amháin má bhíonn sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an eagraíocht leis an ngnó.

Dearbhaíonn an Chomhairle gur chloígh síad leis na riachtanais thuasluaite nuair a bhí na ráitis airgeadais á ullmhú acu.

Tá freagracht ar an gComhairle leabhair chuntais cearta a choimeád, a léiríonn go sách cruinn ag aon am staid airgeadais na heagraíochta agus a chuireann ar a cumas a dheimhniú go ndéantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gcleachtas cuntasaíochta is gnáthach in Éirinn agus de réir dlí reachtúil na hÉireann ar a n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus dá réir sin na céimeanna is gá a ghlacadh chun calaoisí nó mírialtachtaí eile a sheachaint.

Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil agus sláine an ghréasáin idirlín. D'fhéadfadh go mbeadh reachtaíocht na hÉireann maidir le hullmhú agus le dáileadh na ráitis airgeadais éagsúla ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Ar son na Comhairle



JOAN WARD  
Cathaoirleach

Dáta: 12 Bealtaine 2008



ÁINE LAWLOR  
Stiúrthóir

## Ráiteas Airgeadais Iniúchta don Tréimhse dár Críoch 31 Nollaig 2007

### Tuairisc na nIniúcháirí Neamhspleácha do Bhaill na Comhairle Múinteoireachta

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2007 ar a n-áirítear an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhordaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí ábhartha. Rinneadh na ráitis airgeadais seo a ullmhú de réir coinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir na bpolasaithe a bhaineann leis sin.

Is do bhaill na Comhairle amháin atá an tuairisc seo ullmhaithe, mar chomhlacht de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Rinneamar an obair iniúchaidh ionas go bhféadfaimís baill na Comhairle a chur ar an eolas faoi na gnéithe sin ar gá dúinn ráiteas a dhéanamh orthu i dtuairisc na n-iniúcháirí, agus gan aon ghnó eile i gceist. Chomh fada agus a cheadaíonn an dlí ní ghlacaimid nó ní thógaimid orainn féin freagracht d'aon duine eile seachas do bhaill na Comhairle mar chuideachta, dár n-obair iniúchaidh, don tuairisc seo, ná do na tuairimí atá léirithe againn.

#### Freagrachtaí ar leithligh don Chomhairle agus do na hIniúcháirí

Tá freagrachtaí na Comhairle maidir le tuairisc agus ráitis airgeadais á gcur ar fáil de réir dlí na hÉireann ar a n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus de réir na gcaighdeán cuntasaióchta atá eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaióchta Airgeadais agus atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éireann (Gnáthchleachtas Cuntasaióchta in Éirinn) leagtha síos sa Ráiteas ar Dhualgais na Comhairle.

39

Is é an dualgas atá orainne ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar a éilíonn ceanglas dlíthiúil agus rialála na gCaighdeán Idimnáisiúnta ar Iniúchadh (an Bhreatain agus Éire).

Tuairiscimid ár dtuairim maidir le fírinne agus cothromaíocht na ráiteas airgeadais, de réir Gnáthchleachtas dlí na hÉireann Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 san áireamh. Tuairiscimid freisin arbh é ár dtuairim gur choimeád an eagraíocht leabhair chuntais cuí, agus go raibh an t-eolas a tugadh i dtuairisc na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais. Comh maith le sin, léirímid má tá an t-eolas uile faighte againn agus na míniúcháin is gá dar linn ar ár n-iniúchadh, agus má tá na ráitis airgeadais ag réiteach leis na leabhair chuntais.

Tá an t-eolas eile atá i dtuairisc na Comhairle léite againn agus chuireamar san áireamh an tslí ina raibh an teolas seo ag réiteach leis na ráitis airgeadais. Níl i gceist leis an eolas eile seo ach Tuairisc na Comhairle. Táimid san airdeall maidir le himpleachtaí ár dtuairisce má thagann eolas chugainn maidir le míchruinneas ráiteas nó neamhchomhsheasmhacht ábhartha sna ráitis airgeadais. Ní bhaineann ár gcuid freagrachtaí le haon eolas eile seachas seo.

#### Bunús don Dearcadh Iniúchaidh

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idimnáisiúnta ar Iniúchadh (an Bhreatain agus Éire) atá eisithe ag an mBord um Chleachtas Iniúcháireachta. Mar chuid den iniúchadh bíonn scrúdú, ar bhonn

## Ráiteas Airgeadais Iniúchta don Tréimhse dár Críoch 31 Nollaig 2007

trialach, ar fhianaise a bhíonn bainteach leis na méideanna agus an nochtadh a tugadh sna ráitis airgeadais. Áirítear mar ghnó freisin measúnú ar na meastóireachtaí agus breithiúnais shuntasacha a rinne an Chomhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, agus má bhí na polasaithe cúnntasaíochta oiriúnach do chúinsí na heagraíochta, maraon len iad a bheith curtha i gcrích go seasta agus dóthain léirithe tugtha orthu.

Rinneamar pleanáil agus cur i gcrích ar ár n-iniúchadh ar bhealach go bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin a shíleamar a bhí riachtanach ionas go mbeadh dóthain fianaise againn chun bheith muiníneach go leor go raibh na ráitis airgeadais saor ó ráitis mhíchruinn ábhartha, pé acu go calaoiseach, trí mhírialtacht nó trí bhotún. Agus ár dtuairim á chur le chéile againn rinneamar meastóireacht freisin ar shástach iomlán leibhéal an eolais a cuireadh ar fáil sna ráitis airgeadais.

### Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom, de réir Gnáthchleachtas Cuntasaíochta in Éirinn, ar staid ghnóthaí na heagraíochta ar 31 Nollaig 2007 agus ar na torthaí dár críoch an dáta sin, agus gur ullmhaíodh i gceart iad de réir riachtanas dlí na hÉireann agus Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, san áireamh.

Tá an t-eolas go léir agus na míniúcháin go léir againn a shílimid a bheith riachtanach do ghnóthaí an iniúchaidh. Is é ár dtuairim gur choimeád an eagraíocht leabhair chuntais chearta. Tá na ráitis airgeadais ag réiteach leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas atá tugtha i dtuairisc na Comhairle ag teacht leis na ráitis airgeadais.

**Anne Brady McQuillans DFK**

**Cúntasóirí Cairte & Iniúcháin Cláraithe**

**Cúirt Iveagh**

**Sráid Fhearchair**

**Baile Átha Cliath 2**

**Dáta: 12 Bealtaine 2008**

## Ráiteas Airgeadais Iniúchta don Tréimhse dár Críoch 31 Nollaig 2007

Cuntas Ioncaim agus Caitheachais  
don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2007

		An tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2007 €	An tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2006 €
<b>Ioncam</b>	<b>Nótaí</b>		
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta		3,014,826	999,143
Táillí Clárúcháin agus Measúnúcháin		248,866	141,308
Táillí Iarratais		1,181	1,000
Ioncam eile		16,957	537
<b>Iomlán an Ioncaim</b>	<b>2</b>	<b>3,281,830</b>	<b>1,141,988</b>
<b>Caitheachas</b>			
Costais Chóiríochta		(199,204)	(124,618)
Costais Foirne		(1,461,198)	(468,728)
Costais Riarachán eile		(248,773)	(171,622)
Costais Chúrsaí, Comhdhálacha agus Cruinnithe		(201,002)	(88,777)
Gníomhaíochtaí Clárúcháin agus Fíorúcháin		(313,669)	(109,515)
Costais Teicneolaíochta an Eolais		(81,893)	(23,110)
Gníomhaíochtaí Cumarsáide agus Oideachais		(499,080)	(109,173)
Luachlaghdú		(42,613)	(13,547)
<b>Iomlán an Chaiteachais</b>		<b>(3,047,432)</b>	<b>(1,109,090)</b>
<b>Barrachas roimh cáin</b>			
ar ghnáthghníomhaíochtaí	<b>3</b>	234,398	32,898
Cáin	<b>5</b>	-	-
<b>Barrachas i ndiaidh cáin</b>			
ar ghnáthghníomhaíochtaí		234,398	32,898
Brabach coimeádta a tugadh ar aghaidh		32,898	-
Brabach coimeádta a iompraíodh ar aghaidh		267,296	32,898

Níl aon ghnóthchana ná cailliúintí aitheanta seachas an toradh don tréimhse airgeadais thuasluaite. D'éascair an toradh don tréimhse go hiomlán ó na hoibríochtaí leanúnacha.

Tá na nótaí ar leathanaigh 44 go dtí 47 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais seo ar 12 Bealtaine 2008 agus tá siad sínithe dóibh ag



JOAN WARD  
Cathaoirleach

Dáta: 12 Bealtaine 2008



ÁINE LAWLOR  
Stiúrthóir

Ráiteas Airgeadais Iniúchta don Tréimhse dár Críoch 31 Nollaig 2007

Clár Comhordaithe  
mar a bhí ag 31 Nollaig 2007

	Nótaí	€	2007	€	2006	€
<b>Sóchmhainní Seasta</b>						
Sóchmhainní inláimhsithe	6		314,952		169,302	
Infheistíochtaí	7		34,395		34,395	
			<u>349,347</u>		<u>203,697</u>	
<b>Sóchmhainní Reatha</b>						
Airgead sa bhanc agus ar láimh		<u>459,221</u>		<u>12,046</u>		
<b>Creidiúnaithe: na méideanna a bheidh</b>						
le híoc laistigh den bhliain	8	<u>(541,272)</u>		<u>(182,845)</u>		
Dlíteanais Iomlán Reatha			<u>(82,051)</u>		<u>(170,799)</u>	
Iomlán na Sóchmhainní seachas Dlíteanais Reatha			<u>267,296</u>		<u>32,898</u>	
<b>Cúlchistí</b>						
Cúlchistí ag an dúnadh	9		267,296		32,898	
Iomlán na gCistí			<u>267,296</u>		<u>32,898</u>	

Tá na nótaí ar leathanaigh 44 go dtí 47 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais seo ar 12 Bealtaine 2008 agus tá siad sínithe dóibh ag

*Joan Ward*

JOAN WARD  
Cathaoirleach

Dáta: 12 Bealtaine 2008

*Áine Lawlor*

ÁINE LAWLOR  
Stiúrthóir

## Ráiteas Airgeadais Iniúchta don Tréimhse dár Críoch 31 Nollaig 2007

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid  
don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2007

	Nótaí	2007 €	2006 €
<b>Imréiteach ar bharrachas oibríochtúil go sreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibríochtúla</b>			
Barrachas oibríochtúil		234,398	32,898
Luachlaghdú		42,613	13,547
Méadú sna creidiúnaithe		319,344	182,845
<b>Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochtúla</b>		<u>596,355</u>	<u>229,290</u>
<b>Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid</b>			
<b>Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochtúla</b>		596,355	229,290
Caiteachas caipitíochta agus infheistiú airgeadais	11	(149,180)	(217,244)
<b>Méadú ar airgead tirim sa tréimhse sin</b>		<u>447,175</u>	<u>12,046</u>
<b>Imréiteach ar insreabhadh airgid chuig gluaiseacht in airgead glan</b>			
Méadú ar an airgead tirim sa bhliain	12	447,175	12,046
Airgead glan ag 1 Eanáir 2007		12,046	-
<b>Airgead glan ag 31 Nollaig 2007</b>		<u>459,221</u>	<u>12,046</u>

## Ráiteas Airgeadais Iniúchta don Tréimhse dár Críoch 31 Nollaig 2007

Nótaí faoin Ráiteas Airgeadais  
don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2007**1. Polasaithe Cuntasaíochta****1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta**

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir gnáthphrionsabail na cúnntasaíochta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus ag teacht le Caighdeáin Thuairiscithe Airgeadais de réir na gCaighdeán Cuntasaíochta Airgeadais, mar atá fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

**1.2. Ioncam**

Is ionann ioncam agus an t-airgead a fuarthas ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar aon leis an ioncam ó tháillí clárúcháin a fuarathas le linn na tréimhse. Déantar an t-ioncam/na táillí uile a fhaightear a chuntas a luaithe agus a thagann siad.

**1.3. Sóchmhainní Seasta Inláimhsithe agus Luachlaghdú**

Déantar luachlaghdú a sholáthar ag rátaí a dhéanann an costas a chealú lúide luach iarmharach gach sóchmáinn ar an bhfad saoil a mbeifí ag súil leis, mar seo a leanas:

Daingneáin, Feistithe agus Trealamh	- 10% líne dhíreach
Trealamh Ríomhaireachta	- 25% líne dhíreach
Bogearraí Ríomhaireachta	- 10% líne dhíreach

**1.4. Infheistíochtaí**

Sonraítear Infheistíochtaí Sóchmhainní ar a gcostas.

**2. Ioncam**

Tá ioncam na heagraíochta don tréimhse faighte óna príomhghníomhaíocht a tharlaíonn go hiomlán in Éirinn.

**3. Barrachas Oibríochtúil**

	2007	2006
	€	€
Tá barrachas oibríochtúil luaite tar éis costais:		
Luachlaghdú	42,613	13,547
Luach Saothair na nIniúcháirí	6,754	6,655

Sa tréimhse roimh bhunú na Comhairle Múinteoireachta agus le linn na tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2006 bhí caiteachas €1,761,119 ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i ngeall ar an gComhairle Mhúinteoireachta. Bhain an caiteachas seo le caiteachas caipitíochta agus costais leanúnacha na Comhairle Múinteoireachta. Níl an costas san áireamh sna ráitis airgeadais seo.



**Ráiteas Airgeadais Iniúchta** don Tréimhse dár Críoch 31 Nollaig 2007**Nótaí faoin Ráiteas Airgeadais  
don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2007**

Discaoileadh an Chomhairle Clárúcháin ar 28 Márta 2006 agus de réir Alt 49 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 athraíodh gach airgead, sóchmhainní agus dliteanais na Comhairle Chlárúcháin go dtí an Chomhairle Mhúinteoireachta.

**4. Fostaithe**

	2007 Uimhir	2006 Uimhir
<b>4.1 Líon na bhfostaithe</b>		
Ba é meán uimhir míosúil na bhfostaithe le linn na tréimhse:		
Oifig agus bainistíocht	<u>25</u>	<u>10</u>
<b>4.2 Costais fostaíochta</b>	<b>2007</b>	<b>2006</b>
	€	€
Pá agus tuarastail	1,058,113	352,237
Costais slándála sóisialaí	76,311	29,674
Costais earcaíochta	67,877	61,833
Costais eile pinsin	239,372	10,285
Costais eile párolla	<u>19,525</u>	<u>14,699</u>
	<u>1,461,198</u>	<u>468,728</u>

**5. Cáin**

Tá díolmhaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta ó Cháin Chorporáide maidir lena gníomhaíochtaí. Tá dualgas cánach i gceist le hioncam éighníomhach, más ann dó, (ar nós ús ar thaiscí).

## Ráiteas Airgeadais Iniúchta don Tréimhse dár Críoch 31 Nollaig 2007

Nótaí faoin Ráiteas Airgeadais  
don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2007

## 6. Sócmhainní Seasta

	Daingneáin agus Feistithe €	Bogearraí Ríomhaireachta €	Trealamh Ríomhaireachta €	Iomlán €
<b>Costas</b>				
Ag 1 Eanáir 2007	42,925	66,878	73,046	182,849
Aguisíní	39,880	59,477	88,906	188,263
Ag 31 Nollaig 2007	<u>82,805</u>	<u>126,355</u>	<u>161,952</u>	<u>371,112</u>
<b>Luachlaghdú</b>				
Ag 1 Eanáir 2007	1,963	2,416	9,168	13,547
Costas don tréimhse	4,989	6,307	31,317	42,613
Ag 31 Nollaig 2007	<u>6,952</u>	<u>8,723</u>	<u>40,485</u>	<u>56,160</u>
<b>Glanluach leabhar</b>				
Ag 31 Nollaig 2007	<u>75,853</u>	<u>117,632</u>	<u>121,467</u>	<u>314,952</u>
Ag 31 Nollaig 2006	<u>40,962</u>	<u>64,462</u>	<u>63,878</u>	<u>169,302</u>

46

## 7. Infheistíochtaí

	Bannaí Rialtais €	Iomlán €
<b>Costas</b>		
Ag 1 Eanáir 2007	34,395	34,395
Aguisíní	-	-
Ag 31 Nollaig 2007	<u>34,395</u>	<u>34,395</u>
<b>Foráil maidir le laghdú luacha:</b>		
Ag 1 Eanáir 2007	-	-
Gluaiseacht	-	-
Ag 31 Nollaig 2007	<u>-</u>	<u>-</u>
<b>Glanluach Leabhar</b>		
Ag 31 Nollaig 2007	<u>34,395</u>	<u>34,395</u>

Tá na hinfheistíochtaí bannaí agus stoic Rialtais, a bhfuil luach margaidh níos airde orthu ná an luach a léirítear.

## Ráiteas Airgeadais Iniúchta don Tréimhse dár Críoch 31 Nollaig 2007

Nótaí faoin Ráiteas Airgeadais  
don tréimhse dár críoch 31 Nollaig 2007

<b>8. Creidiúnaithe: an méid a bheidh dlite laistigh de bhliain</b>	<b>2007</b>	<b>2006</b>
	€	€
Creidiúnaithe trádála	22,847	117,380
Cánacha breise agus costais slándála soisialaí	1,879	-
Creidiúnaithe eile	37,519	10,285
Fabhraithe	479,027	55,180
	<u>541,272</u>	<u>182,845</u>

<b>9. Cúlchistí</b>	<b>Ginearálta</b>	<b>Cúlchiste</b>
	<b>2007</b>	<b>2006</b>
	€	€
Cúlchistí ag an oscailt	32,898	-
Barrachas don tréimhse	234,398	32,898
Cúlchistí ag an dúnadh	<u>267,296</u>	<u>32,898</u>

**10. Páirtithe Rialúcháin**

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta rialaithe ag baill na Comhairle. Is é an tAire Oideachais agus Eolaíochta an páirtí rialaithe bunaidh.

<b>11. Ollshreabhadh Airgid Thirim</b>	<b>2007</b>	<b>2006</b>
	€	€
Caiteachas Caipitíochta agus infheistiú airgeadais		
Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil	(149,180)	(182,849)
Infheistíochtaí faighte	-	(34,395)
	<u>(149,180)</u>	<u>(217,244)</u>

<b>12. Anailís ar Athruithe na nGlanchistí</b>	<b>larmhéid</b>	<b>Sreabhaidh</b>	<b>larmhéid</b>
	<b>tosaigh</b>	<b>airgid thirim</b>	<b>deiridh</b>
	€	€	€
Airgead sa bhanc agus ar láimh	12,046	447,175	459,221
Glanchistí	<u>12,046</u>	<u>447,175</u>	<u>459,221</u>

**13. Faomhadh do na Ráitis Airgeadais**

Thug an Chomhairle faomhadh do na ráitis airgeadais ar 12 Bealtaine 2008 agus tá siad sínithe thar a ceann ag

*Joan Ward*

JOAN WARD, Cathaoirleach

Dáta: 12 Bealtaine 2008

*Áine Lawlor*

ÁINE LAWLOR, Stiúrthóir

An Chomhairle  
Mhúinteoireachta  
The Teaching Council



Bloc A  
Campas Gnó Mhaigh Nuad  
Maigh Nuad  
Co. Chill Dara  
Éire

Guthán  
**+353 1 651 7900**

R-phost  
[info@teachingcouncil.ie](mailto:info@teachingcouncil.ie)

[www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie)

*Foilsithe i mí na Nollaig 2008 ag an gComhairle Mhúinteoireachta,  
Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.*

*© Gach ceart ar cosaint. Níl cead aon chuid den fhoilseachán seo a  
atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí,  
biodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh  
nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón gComhlairle Mhúinteoireachta.*